


Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí

faoi Acht na gCuideachtaí



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement





Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí

faoi Acht na gCuideachtaí



## Ráiteas faoi Chóipcheart agus Séanadh

---

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Is féidir iomlán an fhoilseacháin nó cuid den fhoilseachán a atáirgeadh gan cead breise chuige sin ach foinse an ábhair a lua agus a admháil

Níor chóir go gceapfaí gur ionann aon ní dá bhfuil anseo agus léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar ceann an Stiúrthóra, ar thuiscint ná léirmhíniú an Stiúrthóra maidir le haon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó ar léirmhíniú maidir le haon dlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhoráil faoin dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht ná dliteanas ar bith, cibé slí ina dtarlaíonn, i ngeall ar ábhar an fhoilseacháin seo ná ar earráid, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir de cheart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo nó neamhréireach leo.

© An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2015



## Clár an Ábhair

<b>1.0</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>7</b>
<b>2.0</b>	<b>Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí an Leachtaitheora</b>	<b>8</b>
2.1	Cad is Leachtú ann	8
2.2	Cad is Leachtaitheoir ann	8
2.3	Cáilíochtaí an Leachtaitheora	8
2.3.1	Dícháilithe maidir lena gceapadh mar Leachtaitheoir	9
2.4	Príomhról agus Príomhdhualgais an Leachtaitheora	9
2.4.1	Dualgas maoin na cuideachta a riar agus a dháileadh	9
2.4.2	Cruinnithe agus Díscáileadh	10
2.5	An éifeacht a bhíonn ag leachtaitheoir a cheapadh ar ghnó agus ar stádas cuideachta	11
2.6	Dualgas Leachtaitheoirí i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidmiú Corparáideach	12
2.6.1	Dualgas Tuairisc a thabhairt ar Iompar Stiúrthóirí Chuideachtaí Dócmhainneacha	12
2.6.2	Dualgas Leachtaitheoirí Tuairisc a Thabhairt ar Chionta Coiriúla	12
2.6.3	Cumhacht an Stiúrthóra um Fhorfheidmiú Corparáideach leabhair agus taifid a scrúdú	12
2.7	Dualgas Leachtaitheora i ndáil le Comhadú	13
2.8	Cumhachtaí Ginearálta an Leachtaitheora	13
2.8.1	Cumhachtaí an Leachtaitheora	13
2.8.2	Cumhachtaí an Leachtaitheora Sealadaigh	13
2.9	Cumhacht an Leachtaitheora i ndáil le hIniúchadh agus Réadú Sócmhainní	13
2.9.1	Iniúchadh	13
2.9.2	Ordú maidir le hÍoc nó Seachadadh Sócmhainní agus Cuardach agus Urghabháil	14
2.9.3	Gabháil agus Urghabháil	14
2.9.4	Conarthaí Dochraideacha a Shéanadh	14
2.9.5	Orduithe maidir le Comhthiomsú nó Ranníocaíocht	14
2.9.6	Tosaíocht Éagórach	15
2.9.7	Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí a Chur ar Ais	15
2.9.8	Dlíteanas Sibhialta maidir le Trádáil Chalaoiseach nó Mheargánta	15
2.9.9	Mí-úsáid as Maoin na Cuideachta	16
2.9.10	Dáileadh Sócmhainní – Íocaíochtaí tosaíochta i bhfoirceannadh	16
2.9.11	Cumhachtaí faoi Rialachán na hEorpa maidir le Dócmhainneacht	16



<b>Aguisín 2.1 Foirceannadh de chineálacha éagsúla</b>	<b>17</b>
• Foirceannadh Deonach Comhaltaí (leachtú)	17
• Foirceannadh Deonach Creidiúnaithe (Leachtú)	18
• Leachtú Éigeantach (Oifigiúil)	19
<b>3.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí an Ghlacadóra</b>	<b>20</b>
3.1 Cad is Glacadóir ann	20
3.2 Cáilíochtaí an Ghlacadóra	20
3.3 Glacadóir a Cheapadh	20
3.4 Glacadóirí agus Glacadóirí Bainistíochta	21
3.5 Éifeacht Ghlacadóir a Cheapadh ar an gCuideachta	21
3.6 Glacadóir Éirí as Oifig	21
3.7 Glacadóir a Chur as Oifig	22
3.8 Dualgais an Ghlacadóra	22
3.8.1 Ginearálta	22
3.8.2 Dualgas an Ghlacadóra i leith Bintiúraigh	22
3.8.3 Dualgas an Ghlacadóra maidir le Sócmhainní a Dhiúscairt	22
3.8.4 Dualgas an Ghlacadóra Eolas a Chur ar Fáil	23
3.8.5 Dualgas an Ghlacadóra maidir le Comhadú	23
3.8.6 Íocaíochtaí Tosaíochta nuair is i ndáil le muirear foluaineach a cheaptar glacadóir	23
3.8.7 Dualgas an Ghlacadóra i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	24
3.8.8 Dualgas an Ghlacadóra Tuairisc a Thabhairt ar Chion Coiriúil	24
3.8.9 Tuairiscíocht maidir le Mí-iompar Ghlacadóra	24
3.9 Cumhacht an Ghlacadóra	24
3.9.1 Cumhacht an Scrúdaitheora arna Cheapadh ag an gCúirt	24
3.9.2 Cumhacht an Ghlacadóra a Cheaptar de bhun Bintiúir	24
3.9.3 Cumhacht an Ghlacadóra maidir le Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí	25
3.9.4 Ordú chun Srian a chur ar Stiúrthóirí agus ar dhaoine eile maidir le sócmhainní a thabhairt chun bealaigh	25
3.9.5 Trádáil Chalaoiseach nó Mheargánta	25
3.9.6 Is féidir leis an gCúirt deireadh nó teorainn a chur le Glacadóireacht ar Iarratas ó Leachtaitheoir	26

<b>4.0</b>	<b>Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Scrúdaitheoirí</b>	<b>27</b>
4.1	Cad is Scrúdaitheoir ann	27
4.2	Cad is Scrúdaitheoireacht ann	27
4.3	Cáilíochtaí an Scrúdaitheora	27
4.4	Cumhacht na Cúirte Scrúdaitheoir a cheapadh	27
4.5	Achainí maidir le Scrúdaitheoir a Cheapadh	28
4.6	Éifeacht Achainí maidir le Scrúdaitheoir a Cheapadh ar Chreidiúnaithe agus Daoine Eile	28
4.7	Dualgais an Scrúdaitheora	29
4.7.1	Dualgais an Scrúdaitheora i ndáil le Tograí a Cheapadh	29
4.7.2	Dlíteanas an Scrúdaitheora	31
4.7.3	Dualgas, i gCásanna Áirithe, Tuairisc a thabhairt don Chúirt faoi Neamhrialtacht	31
4.8	Cumhacht Scrúdaitheoirí	31
4.8.1	Cumhacht na Stiúrthóirí	31
4.8.2	Cumhacht Sócmhainní de chuid na Cuideachta a Dhiúscairt	31
4.8.3	Ceart Teacht a Fháil ar Leabhair agus ar Thaifid	31
4.8.4	Cumhacht maidir le Cruinnithe	32
4.8.5	Cumhacht Conarthaí a Shéanadh	32
4.8.6	Ceart Treoir ón gCúirt a Iarraidh	32
4.8.7	Cumhacht na Cúirte a Ordú go dTugtar ar ais Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí	32
4.8.8	Costais agus Luach Saothair Scrúdaitheoirí	32
4.8.9	Dlíteanas Sibhialta maidir le Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta	32
4.8.10	Cumhachtaí faoi Rialachán na hEorpa maidir le Dócmhainneacht	33
<b>5.0</b>	<b>Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí</b>	<b>34</b>
5.1	Pionóis maidir le Cionta Coiriúla	34
	• Pionóis arna bhforcur ag Cúirt	34
5.2	Pionóis Shibhialta	35
	• Dícháiliúchán	35
	• Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa	35
	• Gealltanais Dícháiliúcháin	36
	• Srianadh	36
	• Gealltanais maidir le Srianadh	36
	• Cuideachta a Bhaint den Chlár	37









## 1.0 Réamhrá

Tugadh roinnt de na hathruithe is suntasaí ar dhlí na gcuideachtaí le leathchéad bliain anuas isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014. Cruthaíodh cineálacha nua cuideachtaí faoin Acht chomh maith le hathruithe éagsúla a thabhairt isteach maidir leis na rólanna atá ag páirtithe éagsúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

D'fhonn a leagtar de shainchúram ar Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt i gcrích, comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chothú, eiríonn an Oifig sraith de Leabhráin Eolais ina leagtar amach na príomhrólanna agus na príomhfhreagrachtaí a ghabhann le páirtithe mórtábhachtacha faoi dhlí na gcuideachtaí. Déantar sin chun cuidiú le daoine nach den lucht gairme iad ar mian leo eolas níos fearr a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na dualgais atá orthu faoin dlí.

Rinneadh na Leabhráin Eolais a eisiúint den chéad uair i mí na Samhna 2001. Leis an eagrán reatha seo, tá trí athscríobh suntasach tugtha ar ábhar na leabhrán ó thráth a bhfoilsithe den chéad uair. Is é an dlí tar éis Acht na gCuideachtaí 2014 a rith atá faoi chaibidil san eagrán reatha. Tá leabhráin ar fáil ar na hábhair seo a leanas:

### **Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta**

### **Leabhrán Eolais 2 – An Stiúirthóir Cuideachta**

### **Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta**

### **Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**

### **Leabhrán Eolais 5 – An tIníúchóir**

### **Leabhrán Eolais 6 – An Creidiúnaí**

### **Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir**

Chomh maith leis an eolas faoi na dualgais agus na cumhachtaí a bhaineann le hábhar, tugtar eolas i ngach leabhrán faoi na pionóis a ghabhann le mainneachtain déanamh de réir Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh gach leabhar a ullmhú le húsáid ag daoine nach den lucht gairme iad d'fhonn na príomhfhorálacha a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a bheith níos sothuigthe.

Measann an Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur den tábhacht go mbeadh daoine a mbíonn tairbhe agus leas acu as corprú ar an eolas chomh maith céanna faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis. Tá na Leabhráin Eolais seo leagtha amach d'fhonn cur leis an eolas atá ag daoine ar na dualgais agus na freagrachtaí sin.

Is mian leis an Stiúirthóir go dtuigfí go soiléir nach féidir a cheapadh gur léirmhíniú cinnte ar an dlí atá sa treoir seo i ndáil le foráil ar bith. Anuas air sin, ní mór a thuiscint gur féidir níos mó ná léirmhíniú amháin ar an dlí. Dá réir sin, is ceart go dtuigfeadh an léitheoir go mbeadh éiginnteacht áirithe ag baint leis an léirmhíniú a d'fhéadfadh a bheith ag na Cúirteanna ar an dlí, go háirithe nuair atá an dlí á chur i bhfeidhm maidir le cúinsí áirithe agus i ndáil le cuideachtaí faoi leith agus daoine faoi leith.

Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire gur cheart don léitheoir atá éiginnte faoi oibleagáid nó dualgas faoin dlí comhairle neamhspleách a iarraidh ó dhuine den lucht gairme i réimse an dlí nó na cuntasáochta de réir mar is cuí.

De réir mar a dhéantar leasú ar dhlí na gcuideachtaí san am atá romhainn, tá i gceist ag an Stiúirthóir an lón treorach seo a choinneáil bord ar bhord leis an athrú. Bheadh fáilte aige freisin roimh thuairimí faoin ábhar ionas go mbíonn oiread tairbhe agus is féidir as eagrán eile amach anseo.



## 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí an Leachtaitheora

### 2.1 Cad is Leachtú ann

Leachtú a thugtar ar an bpróiseas trína gcuirtear deireadh faoin dlí le cuideachta agus a ndéantar athdháileadh ar shócmhainní na cuideachta. Is é a bhaineann le cuideachta a leachtú, éirí as bheartaíocht na cuideachta, scrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na cuideachta, sócmhainní na cuideachta a réadú, creidiúnaithe na cuideachta a íoc a oiread agus is féidir (i.e. má tá cistí leordhóthanacha ar fáil) agus sa chás go bhfuil barrachas cistí ar fáil tar éis fhiacha na cuideachta a ghlanadh, sin a dháileadh ar na comhaltaí. Déantar ansin an chuideachta a dhíscaoileadh.

Tugtar míniú mion ar leachtú de chineálacha éagsúla in Aguisín 2.1.

### 2.2 Cad is Leachtaitheoir ann

Is duine an leachtaitheoir a cheaptar chun foirceannadh a dhéanamh ar chuideachta. Tá na príomhfhórlacha reachtaíochta maidir le leachtaitheoirí leagtha amach in Alt 11 de Chaibidil 8 in Acht na gCuideachtaí 2014.

### 2.3 Cáilíochtaí an Leachtaitheora<sup>1</sup>

Ní mór do dhaoine, ionas go mbeidís incháilithe maidir lena gceapadh mar leachtaitheoir chuideachta, teacht faoi scáth cheann de chúig cinn de chatagóirí cáiliúcháin mar a leagtar amach sa Tábla le hAlt 633 in Acht na gCuideachtaí 2014. Tugtar liosta de na cúig chatagóirí cáiliúcháin go hachomair thíos:

- **Aicme 1**

Ní mór don duine a bheith ina chomhalta de chomhlacht cuntasaíochta forordaithe agus teastas cleachtais reatha a bheith aige nó aici ón gcomhlacht sin. Ní féidir feidhmiú má tá cosc ar an duine feidhmiú mar leachtaitheoir faoi rialacha an chomhlachta sin.

- **Aicme 2**

Ní mór don duine a bheith ina aturnae cleachtaigh agus teastas reatha cleachtais a bheith aige nó aici ó Dhlí-Chumann na hÉireann faoi na hAchtanna Aturnaetha 1954 go 2002 agus gan cosc a bheith air nó uirthi feidhmiú mar leachtaitheoir.

- **Aicme 3**

Tá an duine ina bhall de chomhlacht gairmiúil a bhfuil aitheantas aige ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus, tá údaráithe de thuras na huaire ag an gcomhlacht gairmiúil sin don té seo a bheith i mbun na hoibre agus níl cosc air nó uirthi faoi rialacha an chomhlachta sin feidhmiú mar leachtaitheoir.

- **Aicme 4**

Ghnóthaigh an duine cáilíocht faoi dhlíthe stát eile de chuid an LEE feidhmiú mar leachtaitheoir in imeachtaí dócmhainneachta agus tá sé nó sí i dteideal feidhmiú mar leachtaitheoir sa Stát mar gheall ar na cáilíochtaí atá aige nó aici.

- **Aicme 5**

Tá cleachtadh praiticiúil ag an duine ar chuideachta a fhoirceannadh, tá eolas aige nó aici ar an dlí a bhaineann le hábhar, agus tá údarás tugtha ag an IAASA, i gcomhairle le hOifig an Stiúrthóra um

<sup>1</sup> Alt 633 Acht na gCuideachtaí.



Fhorfheidhmiú Cuideachtaí, leis an duine a údarú mar dhuine atá cuí oiriúnach maidir le feidhmiú ina leachtaitheoir.

Anuas air sin, ní mór don duine slánaíocht a bheith aige nó aici in aghaidh chaillteanais agus éilimh a d'fhéadfadh a theacht i gceist.

### 2.3.1 Dícháilithe maidir lena gceapadh mar Leachtaitheoir<sup>2</sup>

Tá na daoine seo a leanas dícháilithe maidir lena gceapadh mar leachtaitheoir ar chuideachta:

- duine atá ina oifigeach nó ina fostaí de chuid na cuideachta nó a bhí i bpost acu sin ag tráth ar bith le 24 mí anuas go dtí gur cuideadh tús le foirceannadh na cuideachta;
- tuismitheoir, céile, páirtneír sibhialta, deartháir, deirfiúr nó leanbh le hoifigeach de chuid na cuideachta, (ach amháin le cead na cúirte);
- duine atá ina pháirtneír ag oifigeach nó fostaí de chuid na cuideachta nó fostaithe oifigeach nó fostaí de chuid na cuideachta;
- duine is féimheach neamhurscaoilte;
- duine nach bhfuil cáilithe maidir lena cheapadh ina leachtaitheoir mar gheall ar cheangal le fochuideachta nó le cuideachta sealbhaíochta nó atá ceangailte ar bhealach eile leis an gcuideachta atá faoi leachtú;
- duine a bhfuil ordú dícháiliúcháin tugtha ina leith.

## 2.4 Príomhról agus Príomhdhualgais an Leachtaitheora

Is ionann an ról ginearálta a bhíonn le leachtaitheoir deonach agus le leachtaitheoirí (oifigiúla) arna gceapadh ag an gCúirt, sa mhéid agus go mbíonn an leachtaitheoir sa dá chás i gceannas ar foirceannadh na cuideachta. Is gníomhaire de chuid na cuideachta an leachtaitheoir deonach agus tá an leachtaitheoir a cheapann an Chúirt, anuas arís air sin, ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuid na Cúirte agus glactar le treoracha ón gCúirt.

### 2.4.1 Dualgas maoin na cuideachta a riar agus a dháileadh<sup>3</sup>

Tá de dhualgas ar leachtaitheoir riar agus dáileadh a dhéanamh ar mhaoin<sup>4</sup> na cuideachta ar ceapadh ina leith é nó í. Tagann san áireamh leis sin, oiread mhaoin na cuideachta a áireamh agus de réir mar is cuí:

- maoin na cuideachta a bhailiú agus a chruinniú;
- maoin den sórt sin a réadú; agus
- maoin den sórt sin a dháileadh;

de réir an dlí.

Is iad príomhdhualgais an leachtaitheora:

- seilbh a ghlacadh ar shéala, ar leabhair agus ar thaifid na cuideachta agus ar gach maoin a bhfuil an chuideachta ina teideal nó ar cosúil go bhfuil an chuideachta ina teideal<sup>5</sup>;

<sup>2</sup> Alt 635 Acht na gCuideachtaí

<sup>3</sup> Alt 624 Acht na gCuideachtaí.

<sup>4</sup> Alt 559 Acht na gCuideachtaí - Léirmhíniú - ciallaíonn "maoin" gach maoin réadach nó phearsanta, agus foláin sé aon cheart cáingneag an gcuideachta nó ag an leachtaitheoir faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí nó aon fhoráil eile sa reachtaíocht.

<sup>5</sup> Alt 596 Acht na gCuideachtaí.

- liosta a dhéanamh de chreidiúnaithe na cuideachta agus de na daoine (ar a dtugtar rannpháirtithe) a bhfuil dlite orthu cur le sócmhainní na cuideachta ar a foirceannadh;
- aon chásanna aighnis a chur faoi bhreithiúnas na Cúirte;
- sócmhainní na cuideachta a réadú;
- na fáltais a chur i leith fhiacha agus dhliteanais na cuideachta a íoc de réir an ord tosaíochta cuí agus i gcomhréir le hAlt 617 in Acht na gCuideachtaí 2014;
- aon bharrachas atá fanta a dháileadh ar na comhaltaí i gcomhréir lena bhfuil gach duine acu ina theideal.

#### 2.4.2 Cruinnithe agus Díscáoileadh

Maidir le foirceannadh deonach (féach Aguisín 2.1 i ndáil le míniú ar fhoirceannadh deonach) is féidir leis an leachtaitheoir cruinnithe a thionól, cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta, cruinniú creidiúnaithe nó cruinniú den ‘choiste cigireachta’<sup>6</sup> san áireamh chun críche cead a fháil trí rún a rith nó ar aon chúis eile ar dóigh leisean nó léise gur cuí cruinniú den sórt sin a thionól<sup>7</sup>. Sa chás go leanann foirceannadh deonach comhaltaí ar feadh achar is faide ná dhá mhí dhéag, tá ceangailte ar leachtaitheoir cruinnithe ginearálta de chuid na cuideachta a ghairm tar éis chothrom bliana ó cuireadh tús leis an bhfoirceannadh agus cothrom gach bliana ina dhiaidh sin, agus cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus idirbheartaíochta agus ar ghnó an fhoirceannta le bliain anuas a leagan os comhair an chruinnithe<sup>8</sup>. I ndáil le foirceannadh deonach creidiúnaithe, tá dualgas mar a chéile ar leachtaitheoir cruinnithe de chuid na gcreidiúnaithe nó an choiste cigireachta (má ceapadh a leithéid) a ghairm agus cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus idirbheartaíochta agus ar ghnó an fhoirceannta le bliain anuas a leagan os comhair an chruinnithe<sup>9</sup>. Sa chás nach dtionóltar cruinniú laistigh den tréimhse ama atá dlite, is féidir leis an Stiúrthóir a threorú don leachtaitheoir cruinnithe a thionól<sup>10</sup>.

Nuair a bhíonn foirceannadh iomlán déanta ar ghnóthaí na cuideachta, ní mór don leachtaitheoir cuntas ar an bhfoirceannadh a ullmhú ina léirítear an modh ina ndearnadh an foirceannadh agus an dóigh ina ndearnadh maoin na cuideachta a dhiúscairt. Nuair a bhíonn an cuntas sin ullmhaithe, ní mór don leachtaitheoir cruinnithe ginearálta a ghairm agus, más cuí, cruinniú creidiúnaithe<sup>11</sup>. Tugtar tuarascáil an leachtaitheora laistigh de sheacht lá ó lá an chruinnithe do Chláraitheoir na gCuideachtaí agus ar thrí mhí a bheith caite ón dáta a gcláraítear an tuairisceán meastar an chuideachta a bheith díscóilte.

I ndáil le foirceannadh oifigiúil (arna ordú ag an gCúirt), tionóltar cruinnithe de réir mar a ordáionn an Chúirt agus bíonn éifeacht leo faoi réir ag aon treoir a thugann an Chúirt<sup>12</sup>. Cuirfidh an leachtaitheoir ar aghaidh chuig an gcláraitheoir cóip, arna deimhniú ag an leachtaitheoir, de gach rún a rithítear ag cruinniú creidiúnaithe, ranníocóirí nó comhaltaí laistigh de 14 lá de dháta an chruinnithe<sup>13</sup>.

Déantar an foirceannadh críochnúil i ndáil le foirceannadh cúirte (foirceannadh oifigiúil), ar an modh céanna le foirceannadh deonach creidiúnaithe, mura n-ordáionn an chúirt a mhalairt<sup>14</sup>. Sa chás go bhfuil an chúirt cinnte go bhfuil gnóthaí na cuideachta foirceannta go hiomlán, tabharfaidh an chúirt ordú go ndéantar an chuideachta a dhíscáoileadh ó dháta an ordaithe.

<sup>6</sup> Is grúpa ionadaíochta maidir le leasa creidiúnaithe an choiste cigireachta agus is féidir comhaltaí a bheith air freisin thar ceann na cuideachta. Leagtar an dlí maidir le coistí cigireachta amach in altanna 666 – 668 Acht na gCuideachtaí.

<sup>7</sup> Alt 628 Acht na gCuideachtaí.

<sup>8</sup> Alt 680(1) & (2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>9</sup> Alt 680(4) & (5) Acht na gCuideachtaí.

<sup>10</sup> Alt 679 Acht na gCuideachtaí.

<sup>11</sup> Altanna 705 & 706 Acht na gCuideachtaí.

<sup>12</sup> Alt 689 Acht na gCuideachtaí.

<sup>13</sup> Alt 696 Acht na gCuideachtaí.

<sup>14</sup> Alt 704(2) Acht na gCuideachtaí.





### Taifid cuntasíochta chuideachta ar a foirceannadh a dhiúscairt<sup>15</sup>

Tá ceangailte ar leachtaitheoir séala, leabhair agus páipéir na cuideacha a choimeád ar feadh sé bliana ar a laghad ón dáta a ndéantar an chuideachta a dhíscaoileadh. Nuair a bhíonn an tréimhse sin caite, is féidir iad a dhiúscairt mar seo a leanas:

- nuair is foirceannadh deonach comhaltaí atá i gceist, de réir mar a threoraíonn an chuideachta le rún speisialta; agus
- nuair is foirceannadh cúirte nó foirceannadh deonach creidiúnaithe atá i gceist, de réir mar a threoraíonn an coiste cigireachta nó, sa chás nach ann do choiste, de réir mar a threoraíonn na creidiúnaithe.

## 2.5 An éifeacht a bhíonn ag leachtaitheoir a cheapadh ar ghnó agus ar stádas cuideachta

Meastar tús a bheith le foirceannadh deonach ón tráth a rithear an rún maidir leis an bhfoirceannadh deonach<sup>16</sup>. Meastar tús a bheith le foirceannadh cúirte ar chuideachta ón uair a chuirtear an achainí maidir le foirceannadh i láthair<sup>17</sup>. Ó chuirtear tús leis an bhfoirceannadh<sup>1</sup>, ní mór don chuideachta éirí as an ghnó a sheoladh ach amháin chomh mór sin agus a bheadh tairbheach maidir leis an bhfoirceannadh<sup>18</sup>. Leanfaidh stádas corparáideach agus cumhachtaí corparáideacha na cuideachta, d'ainneoin aon ní dá mhalairt i mbunreacht na cuideachta, go dtí go ndéantar a foirceannadh.

Ar leachtaitheoir a cheapadh, seachas leachtaitheoir sealadach, tagann deireadh le cumhachtaí uile stiúrthóirí na cuideachta<sup>19</sup>, ach amháin

- sa chás gur foirceannadh Cúirte nó foirceannadh deonach creidiúnaithe atá i gceist, go gceadaíonn an coiste cigireachta nó, sa chás nach ann do choiste den sórt, na creidiúnaithe (le haontú an leachtaitheora i gceachtar den dá chás) le leanacht ar aghaidh na gcumhachtaí sin, nó
- sa chás gur foirceannadh deonach comhaltaí atá i gceist, go gceadaíonn na comhaltaí ag cruinniú ginearálta le leanacht ar aghaidh na gcumhachtaí sin.

Tar éis leachtaitheoir oifigiúil a cheapadh, ní mór cead na Cúirte sular féidir imeachtaí dlí de chineál ar bith a thionscnamh in aghaidh na cuideachta.

Sa chás go bhfuil cuideachta á foirceannadh, beidh muirear foluaineach i ndáil le gnóthas nó maoin na cuideachta a cruthaíodh i rith an dá mhí dhéag anuas go dtí dáta tosaithe an fhoirceannta neamhbhailí mura gcruthaítear go raibh an chuideachta sócmhainneach díreach tar éis an muirear sin a chruthú<sup>20</sup>.

<sup>15</sup> Alt 707 Acht na gCuideachtaí.

<sup>16</sup> Alt 590 Acht na gCuideachtaí.

<sup>17</sup> Alt 589(1) Acht na gCuideachtaí.

<sup>18</sup> Alt 677 Acht na gCuideachtaí.

<sup>19</sup> Alt 677(3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>20</sup> Alt 597(1) Acht na gCuideachtaí.



## 2.6 Dualgas Leachtaitheoirí i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Tá roinnt dualgas i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar leachtaitheoirí faoin dlí. Leagtar amach iad sin thíos:

### 2.6.1 Dualgas Tuairisc a thabhairt ar Iompar Stiúrthóirí Chuideachtaí Dócmhainneacha

Agus foirceannadh á dhéanamh ar chuideachta dhócmhainneach, tá dlíte ar an leachtaitheoir tuairisc a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar iompar na stiúrthóirí agus cuidiú leis an Stiúrthóir maidir lena chuid nó a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh<sup>21</sup>.

Tá dlíte freisin ar an leachtaitheoir maidir le cuideachta dhócmhainneach iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt i ndáil le gach stiúrthóir de chuid na cuideachta a shrianadh mura bhfuil faoiseamh ón iarratas sin a dhéanamh tugtha ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach don leachtaitheoir<sup>22</sup>. Pléitear an toradh a bhíonn ar shrianadh stiúrthóra in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta.

Is féidir leis an gcúirt a ordú gur cheart don té is ábhar don dearbhú an costas atá leis an iarratas a íoc chomh maith le hiomlán an chostais a bhí ar an iarratasoir maidir le himscrúdú a dhéanamh agus fianaise a bhailiú i ndáil leis an ábhar<sup>23</sup>.

### 2.6.2 Dualgas Leachtaitheoirí Tuairisc a Thabhairt ar Chionta Coiriúla

Má mheasann leachtaitheoir le linn foirceannadh deonach a dhéanamh go raibh aon oifigeach láithreach nó iaróifigeach, nó aon chomhalta, nó an chuideachta ciontach i gcion i ndáil leis an gcuideachta, tá dlíte ar an leachtaitheoir tuairisc ar an gcás a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí). Tá dlíte ar an leachtaitheoir eolas ina leith sin a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus cead a thabhairt don Stiúrthóir aon doiciméad a bhaineann leis an ábhar atá i seilbh an leachtaitheora nó faoi smacht an leachtaitheora a scrúdú agus a chóipeáil, agus áiseanna chuige sin a chur ar fáil<sup>24</sup>.

Ar an gcaoi chéanna, i ndáil le leachtú oifigiúil, sa chás go measann an Chúirt, agus foirceannadh cúirte ar siúl, go raibh aon oifigeach láithreach nó iaróifigeach, nó aon chomhalta, de chuid na cuideachta ciontach i gcion coiriúil, is féidir leis an gCúirt a threorú don leachtaitheoir eolas den sórt sin i ndáil leis an gceist a chur ar fáil don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí). Sa chás go dtreoraítear mar sin don leachtaitheoir, tá dlíte air nó uirthi eolas den sórt sin a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus cead a thabhairt don Stiúrthóir aon doiciméad a bhaineann leis an ábhar atá i seilbh an leachtaitheora nó faoi smacht an leachtaitheora a scrúdú agus a chóipeáil, agus áiseanna chuige sin a chur ar fáil<sup>25</sup>.

### 2.6.3 Cumhacht an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach leabhair agus taifid a scrúdú<sup>26</sup>

Sa chás go bhfuil foirceannadh á dhéanamh ar chuideachta nó go bhfuil cuideachta díscailte, is féidir leis an Stiúrthóir a iarraidh (agus an chúis leis sin á leagan amach) ar dhuine oiriúnach, leachtaitheoir san áireamh, na leabhair agus na taifid a chur ar fáil don Stiúrthóir lena scrúdú, agus ní mór don duine oiriúnach déanamh de réir an iarratais.

<sup>21</sup> Alt 682 Acht na gCuideachtaí.

<sup>22</sup> Alt 683 Acht na gCuideachtaí.

<sup>23</sup> Alt 820 Acht na gCuideachtaí.

<sup>24</sup> Alt 723 (5) to (8) Acht na gCuideachtaí.

<sup>25</sup> Alt 723 (1) to (4) Acht na gCuideachtaí.

<sup>26</sup> Alt 653 Acht na gCuideachtaí.



Tá dlite ar an duine oiriúnach freisin aon cheist maidir le hábhar na leabhar agus na dtaifead a fhreagairt agus gach cúnaimh réasúnta a thabhairt don Stiúrthóir.

## 2.7 Dualgas Leachtaitheora i ndáil le Comhadú

Tá ceangailte ar leachtaitheoirí tuairisceáin éagsúla a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, roinnt acu a leagtar amach thuas. Tá liosta iomlán de na tuairisceáin is gá do leachtaitheoirí a chomhadú agus na cásanna inar gá sin a dhéanamh ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ar: [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

## 2.8 Cumhachtaí Ginearálta an Leachtaitheora

Tá a bhfuil de chumhacht ag an leachtaitheoir maidir le leachtú deonach agus a bhfuil de chumhacht ag an leachtaitheoir arna cheapadh ag an gCúirt ar aon dul lena chéile. Tá dlite ar an dá aicme leachtaitheoirí áfach aontú an Choiste Cigireachta (nuair is ann dá leithéid) nó na Cúirte a fháil sula ndéantar cumhachtaí áirithe a fheidhmiú. Tá de chumhacht agleachtaitheoir i gcónaí treoracha a iarraidh ar an gCúirt.

### 2.8.1 Cumhachtaí an Leachtaitheora

Tá réimse cumhachtaí ag an leachtaitheoir<sup>27</sup> ar a n-áirítear cumhacht:

- maoin uile na cuideachta a ghlacadh ar lámh agus faoi smacht;
- gnó na cuideachta a sheoladh;
- gach doiciméad is gá a fheidhmiú thar ceann na cuideachta;
- imeachtaí dlí a thionscnamh;
- sócmhainní de chuid na cuideachta a dhíol;
- creidiúnaithe a íoc go hiomlán nó i bpáirt de réir socraithe;
- go ginearálta, gach ní eile is gá maidir leis an bhfoirceannadh a dhéanamh.

### 2.8.2 Cumhachtaí an Leachtaitheora Sealadaigh

Leagtar amach go sonrath a bhfuil de chumhacht ag leachtaitheoir sealadach in ordú ceapacháin na hArd-Chúirte. Is féidir leis an gCúirt leachtaitheoir a cheapadh go sealadach tráth ar bith ó chuirtear achainí foirceannta i láthair agus sula gceaptar leachtaitheoir den chéad uair<sup>28</sup>.

## 2.9 Cumhacht an Leachtaitheora i ndáil le hIniúchadh agus Réadú Sócmhainní

D'fhonn cuidiú leis leachtaitheoirí an dualgas maidir le sócmhainní na cuideachta a réadú agus gnóthaí na cuideachta a iniúchadh, tá roinnt cumhachtaí breise a leagtar orthu.

### 2.9.1 Iniúchadh<sup>29</sup>

Tá de chumhacht ag leachtaitheoir a iarraidh ar an Ard-Chúirt iniúchadh a ordú. Sa chás go n-ordaítear iniúchadh a dhéanamh, is féidir leis an gCúirt aon duine a dtoghairtear air nó uirthi teacht os comhair na cúirte a cheistiú faoi mhionn a bheadh de réir mar a mheasann an chúirt ábalta eolas a thabhairt faoi chúrsaí na cuideachta, go háirithe oifigeach de chuid na cuideachta, chomh maith le haon duine a bhfuil amhras air nó uirthi maidir le maoin de chuid na cuideachta a bheith aige nó aici nó maidir le bheith i bhfiacha leis an gcuideachta. Is féidir leis an gCúirt freisin a cheangal ar dhuine aon taifid cuntasaíochta, gníomhas, ionstraim nó doiciméad nó páipéarachas eile a bhaineann leis an gcuideachta atá ina sheilbh

<sup>27</sup> Alt 627 Acht na gCuideachtaí.

<sup>28</sup> Altanna 573 & 624(3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>29</sup> Alt 671 Acht na gCuideachtaí.



nó ina seilbh nó faoina smacht a thabhairt i láthair. Meastar gur díspeagadh cúirte mainneachtain teacht i láthair agus ceistanna a fhreagairt faoi mhionn, doiciméid a chur i láthair agus/nó ráiteas a thabhairt agus is féidir pionós a ghearradh dá réir sin, cimiú agus forghabháil sócmhainní san áireamh.

### 2.9.2 Ordú maidir le hÍoc nó Seachadadh Sócmhainní agus Cuardach agus Urghabháil<sup>30</sup>

Sa chás, le linn iniúchadh a dhéanamh, gur dealraitheach leis an gCúirt go bhfuil an té a bhfuil iniúchadh á dhéanamh air i bhfiacha leis an gcuideachta nó go bhfuil faoina smacht aon airgead, maoin, leabhair nó páipéarachas de chuid na cuideachta, is féidir leis an gCúirt a ordú don duine sin airgead, maoin nó leabhair den sórt sin a íoc, a sheachadadh, a thabhairt, a ghéilleadh nó a aistriú go dtí an leachtaitheoir.

Sa chás go ndearna an chúirt ordú i ndáil le duine atá i bhfiacha leis an gcuideachta, is féidir leis an Stiúrthóir nó leis an Leachtaitheoir iarratas a dhéanamh maidir le hordú breise chun dul isteach, cuardach agus urghabháil a dhéanamh ar mhoin de chuid na cuideachta a fhaightear ar áitreabh an té ar a bhfuil an t-iniúchadh á dhéanamh.

### 2.9.3 Gabháil agus Urghabháil

Sa chás go bhfuil cruthúnas nó cúis dhóchúil lena cheapadh go bhfuil duine ar tí éalú nó aon chodán dá chuid nó dá cuid maoin a thabhairt chun bealaigh nó a cheilt chun críche íoc éilimh a sheachaint nó iniúchadh maidir le cúrsaí na cuideachta a sheachaint, is féidir leis an gCúirt, ar iarratas a fháil ón leachtaitheoir nó ó dhuine leasmhar eile ordú a eisiúint maidir le ranníocóir le sócmhainní na cuideachta, stiúrthóir, cúlstiúrthóir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid na cuideachta a ghabháil agus le leabhair, páipéarachas agus maoin shoghluaiste an duine sin a urghabháil<sup>31</sup>.

### 2.9.4 Conarthaí Dochraideacha a Shéanadh

Sa chás go bhfuil maoin dhochraideach faoi úinéireacht na cuideachta, ar mó de dhliteanas atá inti don chuideachta ná de shócmhainn (mar shampla, talamh nó maoin talún faoi ualach chúnaint dhochraideacha, stoic nó scaireanna nó conradh neamhbhrabúsach), is féidir le leachtaitheoir, le cead na cúirte, an mhaoin a shéanadh d'fhonn an leachtú a éascú<sup>32</sup>.

### 2.9.5 Orduithe maidir le Comhthiomsú nó Ranníocaíocht

Sa chás go bhfuil na sócmhainní atá ar fáil easnamhach, is féidir leis an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le hordú trína dtreoraítear go ndéanfaidh cuideachta atá nó a bhíodh gaolmhar leis an gcuideachta atá á foirceannadh, (mar shampla máthairchuideachtachta nó fochuideachta nó cuideachta atá faoi úinéireacht choiteann) ranníocaíocht maidir le sócmhainní na cuideachta<sup>33</sup>. Sa chás go bhfuil dhá chuideachta nó níos mó ná sin de chuideachtaí gaolmhara á bhfoirceannadh, is féidir leis an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh i ndáil le hordú trína dtreoraítear go ndéanfaí na cuideachtaí a fhoirceannadh in éineacht faoi mar a bheadh aon chuideachta amháin ann agus na sócmhainní a chomhthiomsú idir creidiúnaithe na gcuideachtaí ar fad<sup>34</sup>.

<sup>30</sup> Alt 672 Acht na gCuideachtaí.

<sup>31</sup> Alt 675 Acht na gCuideachtaí.

<sup>32</sup> Alt 615 Acht na gCuideachtaí.

<sup>33</sup> Alt 599 Acht na gCuideachtaí.

<sup>34</sup> Alt 600 Acht na gCuideachtaí.





### 2.9.6 Tosaíocht Éagórach<sup>35</sup>

Sa chás go ndéanann cuideachta dhócmhainneach idirbheart<sup>36</sup> le creidiúnaí, trína dtugtar tosaíocht don chreidiúnaí sin ar chreidiúnaithe eile de chuid na cuideachta agus go dtosaíonn an cuideachta ar fhoirceannadh i bhfoisceacht sé mhí den mhargadh sin agus go bhfuil an cuideachta dócmhainneach ar dháta an lechtaithe, measfar go bhfuil “tosaíocht éagórach” i gceist leis an idirbheart agus go bhfuil sé neamhbhailí. Sa chás go ndéantar idirbheart den sórt sin chun tairbhe dhuine ag a bhfuil baint leis an gcuideachta agus go gcuirtear an chuideachta faoi leachtú laistigh de dhá bhliain ó thráth an idirbhirt, measfar, mura léirítear a mhalairt, idirbheart den sórt sin a bheith ina thosaíocht éagórach agus neamhbhailí.

### 2.9.7 Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí a Chur ar Ais<sup>37</sup>

Is féidir le leachtaitheoir freisin iarratas a dhéanamh leis an gCúirt i ndáil le maoin a ndearna an cuideachta diúscairt uirthi a fháil ar ais sa chás go measann an lechtaitheoir gurbh é toradh na diúscairthe calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar na creidiúnaithe nó ar na comhaltaí. Sa chás gurb é breith na Cúirte gur cóir cothromasach a dhéanamh amhlaidh, is féidir ordú a dhéanamh an mhaoin nó na fáiltais ón maoin a chur ar ais ar cibé téarmaí nó coinníollacha is cuí leis an gCúirt.

### 2.9.8 Dlíteanas Sibhialta maidir le Trádáil Chalaoiseach nó Mheargánta<sup>38</sup>

Is féidir le lechtaitheoir imeachtaí a thionscnamh sa chás go raibh oifigeach de chuid na cuideachta go feasach ina pháirtí i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta ar mhodh meargánta nó sa chás go raibh duine go feasach ina pháirtí i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta le hintinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó chun aon chríche calaoisí. Is féidir leis an gcúirt a dhearbhu go bhfuil freagracht phearsanta ar dhaoine den sórt sin, gan aon teorainn dliteanas, i leith iomlán fhiacha nó dhliteanas eile na cuideachta nó aon chuid d’fhiacha nó de dhliteanas eile na cuideachta. Is féidir freisin dlíteanas coiriúil a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i dtrádáil mheargánta.

Meastar go raibh oifigeach go feasach ina pháirtí i dtrádáil mheargánta sa chás go raibh an t-oifigeach

- (a) ina pháirtí ina i seoladh ghnó den sórt sin agus, ag féachaint don eolas ginearálta, don scil agus don taithí a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis ó dhuine ina phost, gur cheart go mbeadh a fhios aige go mbeadh a chuid gníomhartha nó gníomhartha na cuideachta ina gcúis le cailteanas ag creidiúnaithe na cuideachta, nó
- (b) ina pháirtí i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid sé go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in ann, nuair a bheadh dlite a íoc, an fiach a íoc chomh maith lena cuid fiach eile go léir<sup>39</sup>.

Tá de chumhacht ag an gCúirt faoiseamh ó dhlíteanas go hiomlán nó i bpáirt a thabhairt d’aon duine sa chás gur cosúil gur ghníomhaigh an duine lena mbaineann go macánta agus go freagrach i ndáil le stiúradh chúrsaí na cuideachta.

<sup>35</sup> Alt 604 Acht na gCuideachtaí.

<sup>36</sup> Ciallaíonn idirbheart sa chás áirithe seo: tíolacas, morgáiste, seachadadh earraí, íocaíocht, forghníomhú nó gníomh eile maidir le maoin a rinne cuideachta nó a rinneadh ina coinne.

<sup>37</sup> Alt 608 Acht na gCuideachtaí.

<sup>38</sup> Alt 610 Acht na gCuideachtaí.

<sup>39</sup> Alt 612 Acht na gCuideachtaí.



### 2.9.9 Mí-úsáid as Maoin na Cuideachta<sup>40</sup>

Sa chás go ndearna stiúrthóirí nó oifigigh eile, lena n-áirítear iaroifigigh de chuid na cuideachta, aon airgead nó maoin de chuid na cuideachta a chur chun mífheidhme nó a choinneáil, nó gur thángthas faoi dhliteanas nó chun bheith cuntasach ina leith nó gur baineadh feidhm go héagórach as údarás dleathach nó go ndearnadh sárú ar an dualgas iontaoibhe i ndáil leis an gcuideachta, is féidir leis an gCúirt ar iarratas a theacht ón leachtaitheoir a thabhairt ar an duine nó ar na daoine:

- an t-airgead nó an mhaoin nó aon chuid den airgead nó den mhaoin faoi seach a aisíoc nó a thabhairt ar ais le hús ar cibé ráta is cóir leis an gCúirt; nó
- cibé suim is cóir leis an gCúirt a ranníoc le sócmhainní na cuideachta mar chúiteamh sa chur chun mífheidhme, sa choinneáil, sa mhíghníomh nó sa sárú eile dualgais nó iontaoibhe

Is féidir le leachtaitheoir a iarraidh chomh maith go gcuirfí stiúrthóir faoi dhliteanas pearsanta sa chás nár choimeád an chuideachta taifid cuntasáochta leordhóthanacha<sup>41</sup>.

### 2.9.10 Dáileadh Sócmhainní – Íocaíochtaí tosaíochta i bhfoirceannadh<sup>42</sup>

Ar shócmhainní na cuideachta a chruinniú, is é feidhm a leagtar ar an leachtaitheoir ansin iad a dháileadh. Agus foirceannadh á dhéanamh, rangáítear íocaíochtaí áirithe de réir ord tosaíochta agus ní mór iad a íoc sula nglantar fiacha eile, mar shampla cáin agus íocaíochtaí éagsúla atá dlite d'fhostaithe<sup>43</sup>. Is féidir le leachtaitheoir chomh maith dáileadh eatramhach a dhéanamh ar sin a aontú, d'fhonn costais agus speansais a íoc go hiondúil. Ar ndóigh, sa chás go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, ní íocfar na creidiúnaithe ar fad go hiomlán. Ní gá do chreidiúnaí urraithe ag a bhfuil muirear seasta nó morgáiste éileamh a thabhairt faoin leachtú.

### 2.9.11 Cumhachtaí faoi Rialachán na hEorpa maidir le Dócmhainneacht

Faoi Rialachán na hEorpa maidir le Dócmhainneacht, cuirtear creatchóras Eorpach ar bun maidir le himeachtaí dócmhainneachta trasteorainn trína dtugtar de cheart do leachtaitheoirí a cheaptar sa Stát seo a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú i mBallstáit eile.

<sup>40</sup> Alt 612 Acht na gCuideachtaí.

<sup>41</sup> Alt 609 Acht na gCuideachtaí.

<sup>42</sup> Altanna 618-621 Acht na gCuideachtaí.

<sup>43</sup> Alt 621 Acht na gCuideachtaí.



## Aguisín 2.1

### Foirceannadh de chineálacha éagsúla

Is féidir cuideachta a fhoirceannadh trí fhoirceannadh deonach nó trí fhoirceannadh oifigiúil. Is í an phríomhdifríocht idir an dá chineál go ndéantar an leachtú oifigiúil faoi mhaoirseacht na hArd-Chúirte (ceapann an Chúirt leachtaitheoir a fheidhmíonn thar a ceann), agus gur iondúil go ndéantar foirceannadh deonach gan dul i muinín na gcúirteanna, ach amháin go hannamh, agus go mbíonn ról níos gníomhaí ag comhaltaí agus/nó ag creidiúnaithe.

Is féidir dhá chineál a lua maidir le leachtú deonach, eadhon

- leachtú deonach comhaltaí agus
- leachtú deonach creidiúnaithe

### Foirceannadh Deonach Comhaltaí (leachtú)<sup>44</sup>

Gné bhunriachtanach maidir le leachtú deonach comhaltaí gur gá an chuideachta a bheith sócmhainneach, (i.e. in acmhainn na fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite) agus go socraíonn na comhaltaí deireadh a chur léi. Déantar tús a chur leis an bpróiseas faoin nGnás Ceadaithe Achomair<sup>45</sup> trí rún speisialta a rith i gcomhréir le hAlt 579 nó sa chás gur cuideachta “achair áirithe” nó “cuspóire áirithe” atá i gceist, tá modh eile de rogha air sin ar fáil trí rún a rith i gcomhréir le hAlt 580 in Acht na gCuideachtaí. Ní mór leachtaitheoir a cheapadh ag an gcruinniú chomh maith.

Gné bhunriachtanach maidir le leachtú deonach comhaltaí is ea an “Dearbhú Sócmhainneachta”. Tá de dhualgas ar na stiúrthóirí dearbhú cruinn sócmhainneachta a dhéanamh<sup>46</sup>. Ní mór suim iomlán shócmhainní agus dhliteanais na cuideachta (i rith an tréimhse trí mhí is deireanaí) a lua sa dearbhú agus go ndearna na dearbhóirí (stiúrthóirí) fiosrúchán iomlán faoi ghnóthaí na cuideachtaí agus go bhfuil siad tagtha ar an gcomhairle go mbeidh an chuideachta in acmhainn na fiacha agus na dliteanais eile a ghlanadh laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag atá rompu amach. Ní mór an dearbhú a dhréachtadh san fhormáid cheart agus tuarascáil a bheith ag gabháil leis ó dhuine atá cáilithe chun feidhmiú mar iniúchóir reachtúil ag cuideachta, a luann cibé an bhfuil nó nach bhfuil, de réir a thuairime nó a tuairime, an dearbhú míréasúnach<sup>47</sup>.

Sa chás go ndéanann stiúrthóir cuideachta dearbhú gan forais réasúnacha leis an tuairim i ndáil le sócmhainneacht, is féidir leis an gcúirt a dhearbhu go mbeidh an stiúrthóir faoi dhliteanas pearsanta, gan aon teorainn dliteanais, i leith iomlán fhiacha nó dhliteanais eile na cuideachta nó aon chuid d’fhiacha nó de dhliteanais eile na cuideachta<sup>48</sup>.

Anuas air sin, sa chás go mbíonn rún rite ag cuideachta foirceannadh deonach a dhéanamh, agus go bhfuil creidiúnaithe de chuid na cuideachta (lena mbaineann an cúigiú cuid de líon na gcreidiúnaithe nó de luach an chreidmheasa) den tuairim nach dócha go mbeidh an chuideachta in acmhainn na fiacha agus na dliteanais eile a íoc nó a ghlanadh, is féidir le creidiúnaithe a iarraidh ar an gcúirt ordú a dhéanamh go mbainfeadh na forálacha ar fad a ghabhann le foirceannadh deonach creidiúnaithe le foirceannadh na cuideachta. Ní mór foirceannadh den chineál sin a dhéanamh laistigh de 30 lá den dáta ar fógraíodh an rún maidir leis an bhfoirceannadh<sup>49</sup>.

<sup>44</sup> Alt 562 Acht na gCuideachtaí.

<sup>45</sup> Alt 202 Acht na gCuideachtaí (Ciallaíonn Gnás Ceadaithe Achomair an nós imeachta trína dtugtar údarás an bheartaíocht shrianta a dhéanamh le rún speisialta de chuid na cuideachta agus dearbhú reachtúil ó na stiúrthóirí ag gabháil leis).

<sup>46</sup> Altanna 207 & 579 Acht na gCuideachtaí.

<sup>47</sup> Alt 208 Acht na gCuideachtaí.

<sup>48</sup> Altanna 210 & 582(7) Acht na gCuideachtaí.

<sup>49</sup> Alt 582(2) Acht na gCuideachtaí.



### Foirceannadh Deonach Creidiúnaithe (Leachtú)<sup>50</sup>

Is féidir cuideachta a fhoirceannadh go deonach trí fhoirceannadh deonach creidiúnaithe nuair atá an cás mar seo a leanas:

- go ritheann comhaltaí na cuideachta rún ag cruinniú ginearálta nach féidir leis an gcuideachta mar gheall ar na dliteanais leanacht i mbun gnó agus go ndéanfar a fhoirceannadh trí fhoirceannadh deonach creidiúnaithe agus go ndéantar cruinniú creidiúnaithe a thionól;
- go n-athraítear ó fhoirceannadh deonach comhaltaí go dtí foirceannadh deonach creidiúnaithe (féach an t-alt roimhe seo); nó
- sa chás nach i gcomhréir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí a bhaineann le háireamh an dearbhú a dhéantar i ndáil le foirceannadh deonach comhaltaí.

Sa chéad chás a leagtar amach thuas, is iondúil leachtaitheoir a cheapadh ag an gcruinniú comhaltaí<sup>51</sup> agus tionóllann an chuideachta cruinniú creidiúnaithe an lá céanna a moltar an rún maidir le foirceannadh, nó an lá dár gcionn. Ní mór don chuideachta cruinniú na gcreidiúnaithe a fhógairt, ar a laghad aon uair amháin i dhá nuachtán náisiúnta a bhíonn ar fáil sa cheantar ina bhfuil oifig chláraithe nó príomháit gnó na cuideachta, agus fógra deich lá ar a laghad a thabhairt.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith le fógra faoi chruinniú creidiúnaithe:

- dáta, tráth agus ionad an chruinniú creidiúnaithe;
- ainm agus seoladh an té atá molta mar leachtaitheoir; agus
- liosta de chreidiúnaithe na cuideachta ceangailte leis an bhfógra nó an dream ar dóibh an fógra a chur ar an eolas faoina bheith i dteideal liosta de na creidiúnaithe a scrúdú.

Ní mór do na stiúrthóirí freisin ráiteas iomlán a ullmhú faoi riocht chúrsaí na cuideachta ("Ráiteas faoi Chúrsaí") lena mbaineann:

- sonraí faoi stáid airgeadais na cuideachta;
- liosta de na creidiúnaithe; agus
- an tsuim mheasta maidir lena mbeadh éileamh ag na creidiúnaithe air.

Cuirtear an ráiteas faoi chúrsaí na cuideachta faoi bhráid chruinniú na gcreidiúnaithe<sup>52</sup>.

Bíonn stiúrthóir ainmnithe i mbun chruinniú na gcreidiúnaithe agus is iondúil go dtugann an stiúrthóir sin cuntas gairid ar na cúiseanna gur theip ar ar an gcuideachta agus go bhfreagraítear ceisteanna. Déantar plé ag an gcruinniú ar an ábhar seo a leanas:

- an ráiteas faoi chúrsaí na cuideachta;
- an leachtaitheoir a ainmníodh ag cruinniú na gcomhaltaí agus an mian leis na creidiúnaithe athrú ón té a d'ainmnigh na comhaltaí. Is féidir leis na creidiúnaithe leachtaitheoir a ainmniú a thiocfaidh in áit an té a d'ainmnigh na comhaltaí más é sin is mian le tromlach na gcreidiúnaithe ó thaobh luacha;
- an gceapfar Coiste Cigireachta<sup>53</sup>.

<sup>50</sup> Alt 585 Acht na gCuideachtaí.

<sup>51</sup> Alt 587 Acht na gCuideachtaí.

<sup>52</sup> Alt 587(7) Acht na gCuideachtaí.

<sup>53</sup> Alt 666(6) Acht na gCuideachtaí.



## Leachtú Éigeantach (Oifigiúil)<sup>54</sup>

Is féidir leis an Ard-Chúirt a ordú go ndéantar cuideachta a fhoirceannadh ar fhorais éagsúla<sup>55</sup>, ina measc:

- sa chás gur shocraigh an chuideachta trí rún speisialta a rith go ndéanfadh an Chúirt an chuideachta a fhoirceannadh;
- sa chás nach bhfuil tús curtha ag an gcuideachta leis an ngnó laistigh d'aon bhliain amháin ó rinneadh an chuideachta a chorprú nó gur cuireadh an gnó ar fionraí ar feadh bliana;
- sa chás go bhfuil comhaltaí na cuideachta ar fad marbh agus nach ann dóibh feasta;
- sa chás nach acmhainn don chuideachta a cuid fiach a íoc;
- sa chás gur dealraitheach leis an gcúirt gur cóir cothromasach an chuideachta a fhoirceannadh;
- sa chás go bhfuil gnóthaí na cuideachtaí á ndéanamh, nó cumhacht na stiúrthóirí á bhfeidhmiú, ar bhealach atá leatromach ar aon chomhalta nó gan aird ar a leas mar chomhalta;
- sa chás go bhfuil an chúirt cinnte, ar achainí a fháil ón Stiúrthóir, gurb é leas an phobail go ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh.

Meastar nach bhfuil cuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc i gcásanna áirithe, lena n-áirítear<sup>56</sup>, where:

- (a) sa chás go bhfuil éileamh i scríbhinn seirbheáilte ag creidiúnaí lena bhfuil an chuideachta i bhfiacha suim is mó ná €10,000 ag an oifig chláráithe an tsuim atá dlite a íoc agus gur theip ar an gcuideachta le 21 lá an tsuim atá dlite a íoc nó urrús nó socraíocht a dhéanamh ina leith atá chun sástacht réasúnta na gcreidiúnaithe; nó
- (b) sa chás go bhfuil éileamh i scríbhinn seirbheáilte ag dhá chreidiúnaí nó níos mó lena bhfuil an chuideachta i bhfiacha suim is mó ná €20,000 ag an oifig chláráithe an tsuim atá dlite a íoc agus gur theip ar an gcuideachta le 21 lá an tsuim atá dlite a íoc nó urrús nó socraíocht a dhéanamh ina leith atá chun sástacht réasúnta na gcreidiúnaithe; nó
- (c) sa chás go n-aischuirtear, gan a bheith sásaithe go hiomlán nó go páirteach, próis forghníomhaithe nó eile a eisíodh de bhun breithiúnais, foraithe nó ordaithe ó aon chúirt i bhfabhar creidiúnaí de chuid na cuideachta, or
- (d) sa chás go gcruthaítear chun sástacht na cúirte nach acmhainn don chuideachta a cuid fiach a íoc.

Is féidir le páirtithe éagsúla achainí maidir le leachtaitheoir a cheapadh a dhéanamh leis an Ard-Chúirt, ina measc an chuideachta féin, creidiúnaí agus, i gcásanna áirithe, comhaltaí nó daoine a mbeadh ceangailte orthu ranníocaíocht a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta sa chás go mbeadh foirceannadh á dhéanamh. Ní mór fógraíocht a dhéanamh maidir leis an achainí. Ar an achainí a éisteacht, is féidir leis an gCúirt diúltú don achainí, nó an éisteacht a chur ar atráth nó ordú eatramhach a dhéanamh, nó ordú ar bith eile is oiriúnach leis an gCúirt ach ní féidir leis an gCúirt diúltú ordú foirceannta a dhéanamh ar fhoras nach bhfuil sócmhainní ar bith ag an gcuideachta.

Is féidir leis an gCúirt leachtaitheoir a cheapadh go sealadach tráth ar bith tar éis achainí foirceannta a chur i láthair agus roimh leachtaitheoir a cheapadh den chéad uair<sup>57</sup>. Sa chás go ndéantar ordú cúirte cuideachta a fhoirceannadh, déanfar leachtaitheoir a cheapadh, mar a ainmníonn an t-achainíoch go hiondúil nó, is féidir leis an gCúirt leachtaitheoir a cheapadh. Meastar gurb é an tráth a gcuirtear an achainí foirceannta i láthair an t-am a dtosaíonn foirceannadh cuideachta ag Cúirt<sup>58</sup>.

<sup>54</sup> Alt 568 Acht na gCuideachtaí.

<sup>55</sup> Alt 569 Acht na gCuideachtaí.

<sup>56</sup> Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

<sup>57</sup> Alt 573 Acht na gCuideachtaí.

<sup>58</sup> Alt 589 Acht na gCuideachtaí.



## 3.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí an Ghlacadóra

### 3.1 Cad is Glacadóir ann

Is duine an glacadóir a cheaptar chun sócmhainn le féichiúnaí a ghlacadh ar son chreidiúnaí ag a bhfuil teidlíocht i leith na sócmhainne. Is é príomhchúram a leagtar ar an nglacadóir smacht a ghlacadh ar na sócmhainní sin a bhfuil morgáistiú déanta ag an duine nó ag an gcuideachta orthu nó iad muirearaithe i bhfabhar an iasachtóra, sócmhainní den sórt sin a dhíol agus na fáltais a úsáid chun an fiach leis an iasachtóir a ghlanadh. Tá de chumhacht ag an nglacadóir gach ní is gá, chun na haidhmeanna a bhain leis an nglacadóir a cheapadh a thabhairt i gcrích, a dhéanamh sa Stát nó in áit eile<sup>59</sup>. Leagtar na príomhfhorálacha reachtaíochta a bhaineann le glacadóirí amach i gCuid 8 d'Acht na gCuideachtaí.

### 3.2 Cáilíochtaí an Ghlacadóra<sup>60</sup>

Cé gur iondúil gur cuntasóir cáilithe atá i mbun na gairme sin an glacadóir, níl aon choinníoll i bhfeidhm gur gá cáilíocht ar bith faoi leith a bheith ag glacadóir. Luaitear in Acht na gCuideachtaí go bhfuil daoine áirithe a bhfuil cosc ar a gceapadh ina nglacadóirí, mar shampla tá féimhigh neamhurscaoilte, comhlacht corpraithe agus iadsan a bhfuil ceangal acu leis an gcuideachta atá i gceist, aon duine san áireamh a bhíodh ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuid na cuideachta tráth ar bith le dhá mhí déag anuas go dtí gur cuireadh tús leis an nglacadóireacht, dícháilithe maidir lena gceapadh mar ghlacadóir. Ar an gcaoi chéanna, tá cosc ar dhaoine a bhfuil ordú dícháiliúcháin déanta ina leith, feidhmiú ina nglacadóirí.

### 3.3 Glacadóir a Cheapadh<sup>61</sup>

Is féidir glacadóir a cheapadh ar cheann de dhá bhealach, de bhun na gcumhachtaí atá mar chuid de bhintíur (comhaontú iasachta i scríbhinn), nó de bhun ordú cúirte. Brathann stádas an ghlacadóra ar an mbealach inar ceapadh é nó í.

Go bunúsach, tagann an glacadóir a cheaptar de bhun bintíúir (iasachta) faoi scáth an chonartha agus bíonn stádas an ghlacadóra de réir na dtéarmaí a luaitear mar chuid den bhintíur. Déantar foráil sa chuid is mó de na bintíúir (comhaontuithe i scríbhinn) a chruthaíonn cuideachta i bhfabhar institiúid iasachta (e.g. banc) go bhfuil sealbhóir an bhintíúir i dteideal glacadóir a cheapadh sa chás go dtarlaíonn mainneachtain, mar shampla mainneachtain íocaíochta a dhéanamh leis an institiúid, a bheith dócmhainneach nó athrú chun donais a theacht ar chás na cuideachta.

Tagann faoi dhlínse na hArd-Chúirte freisin glacadóir a cheapadh ar iarratas a fháil ó chreidiúnaí.

Tá stádas oifigeach de chuid na cúirte ag glacadóir a cheapann an chúirt. Is é an cás ina bhfeidhmítear dá réir sin go hiondúil cás ina mbeadh imní ar shealbhóir bintíúir go bhfuil a gcuid urrúis i mbaol agus go ndéantar iarratas leis an gCúirt maidir le glacadóir a cheapadh, fiú sa chás nach mbeadh, de réir théarmaí an bhintíúir féin, cás mainneachtana tarlaithe go fóill a d'fhágfadh an sealbhóir bintíúir i dteideal glacadóir a cheapadh.

Sa chás go gceapann sealbhóirí bintíúir atá urraithe le muirear foluaineach glacadóir i ndáil le hiomlán, nó geall le hiomlán, mhaoin na cuideachta, ní mór fógra faoin gceapachán a sheoladh

<sup>59</sup> Alt 437 Acht na gCuideachtaí.

<sup>60</sup> Alt 433 Acht na gCuideachtaí.

<sup>61</sup> Cuid 8 – Caibidil 2, Acht na gCuideachtaí.



chuig an gcuideachta agus ní mór don chuideachta, laistigh de cheithre lá dhéag, ráiteas a dhéanamh amach san fhoirm fhorordaithe maidir le cúrsaí na cuideachta, maille le mionnscribhinn a mionnaítear<sup>62</sup> i ndáil le cruinneas an ráitis (nó dearbhú reachtúil sa chás gur le hionstraim a cheapar an glacadóir<sup>63</sup>), agus an ráiteas a chur faoi bhráid an ghlacadóra. Ní mór don ghlacadóir (laistigh de dhá mhí) an ráiteas a sheoladh chuig an gcuideachta féin, chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, chuig sealbhóirí bintiúir nó chuig iontaobhaithe aon sealbhóirí bintiúir agus chuig an Ard-Chúirt sa chás gurb í an Chúirt a cheap an glacadóir, maille le nóta faoi thuairimí an ghlacadóra, má tá a leithéid i gceist<sup>64</sup>.

### 3.4 Glacadóirí agus Glacadóirí Bainistíochta<sup>65</sup>

Is féidir glacadóir a cheapadh mar Ghlacadóir nó mar Ghlacadóir Bainistíochta. Tá idirdhealú suntasach le déanamh idir an dá fheidhm. Sa chás gur sócmhainn shonrach nó sraith shonrach sócmhainní an mhaoin atá faoi mhorgáiste nó faoi mhuirear is féidir glacadóir a cheapadh maidir leis an tsócmhainn nó na sócmhainní sin go sonrach. Sa chás áfach go gcruthaítear le bintiúir muirear maidir le gnóthas agus gnó iomlán na cuideachta, is féidir le sealbhóir bintiúir glacadóir bainistíochta a cheapadh ar an ngnóthas agus ar an ngnó ina iomláine. Déanfaidh glacadóir bainistíochta, de bhreis ar dhualgas glacadóra a chomhlíonadh, feidhmiú mar bhainisteoir ar an ngnó ar feadh thréimhse na glacadóireachta.

### 3.5 Éifeacht Ghlacadóir a Cheapadh ar an gCuideachta

Ní thagann athrú ar stádas na cuideachta faoin dlí ar ghlacadóir a cheapadh. Ina ainneoin sin, bíonn éifeacht mar seo a leanas ag glacadóireacht ar an gcuideachta:

- sa chás go meastar gur beart calctha glacadóir a cheapadh faoi chomhaontú iasachta, déantar calcadh ar aon mhuirir fholuaineacha i ndáil le sócmhainní na cuideachta go mbíonn siad ina muirir sheasta ar na sócmhainní nó ar an ngnóthas ar i ndáil leo a cruthaíodh iad; agus
- cuirtear cumhachtaí na cuideachta agus údarás na stiúrthóirí i ndáil leis na sócmhainní a thagann faoi scáth na glacadóireachta ar fionraí agus ní féidir cumhacht ná údarás a fheidhmiú ach amháin le toil an ghlacadóra.

### 3.6 Glacadóir Éirí as Oifig<sup>66</sup>

Is féidir le glacadóir a cheapar faoi na cumhachtaí a luaitear in aon ionstraim ar bith éirí as oifig ar choinníoll go dtugtar fógra ar a laghad 30 lá:

- dóibh siúd a bhfuil muirear acu (seasta nó foluaineach) ar iomlán mhaoin na cuideachta nó ar chuid di; agus
- don chuideachta nó do leachtaitheoir na cuideachta.

Ní féidir le glacadóir a cheapann an chúirt éirí as oifig ach amháin le húdarás na cúirte agus ar na téarmaí agus na coinníollacha sin a shonraíonn an chúirt, má shonraítear téarmaí agus coinníollacha ar bith.

<sup>62</sup> Alt 431(2) Acht na gCuideachtaí

<sup>63</sup> Alt 432(4) Acht na gCuideachtaí.

<sup>64</sup> Alt 430 Acht na gCuideachtaí.

<sup>65</sup> Leagtar amach sainmhíniú ar ghlacadóir/bainisteoir in Alt 2(9) Acht na gCuideachtaí.

<sup>66</sup> Alt 434 Acht na gCuideachtaí.



### 3.7 Glacadóir a Chur as Oifig<sup>67</sup>

Is féidir leis an gCúirt, ar chúis a shuíomh, glacadóir mhaoin na cuideachta a chur as oifig agus malairt glacadóra a cheapadh. Ní mór fógra seacht lá maidir leis na himeachtaí ina bhféachfaí leis sin a thabhairt i gcrích a thabhairt don ghlacadóir agus don té a cheap an glacadóir.

### 3.8 Dualgais an Ghlacadóra

#### 3.8.1 Ginearálta

Sa chás gurb í an Ard-Chúirt a cheapann glacadóir, is oifigeach de chuid na Cúirte an glacadóir agus tá de dhualgas air nó uirthi feidhmiú go freagrach agus is í an Chúirt a thagann treoracha don ghlacadóir.

Sa chás gur de bhun bintiúir a cheaptar glacadóir, beidh stádas an ghlacadóra sin ag brath ar théarma an bhintiúir. Sa chás nach luaitear a mhalairt sa bhintiúir, beidh an glacadóir mar a bheadh gníomhaire de chuid an bhintiúraigh ann. Is iondúil, ina dhiaidh sin, go luaitear sa bhintiúir go mbeidh an glacadóir ag feidhmiú mar a bheadh gníomhaire de chuid na cuideachta. Ciallaíonn sin go ginearálta gurb í an cuideachta a bheidh freagrach as beartaíocht agus as mainneachtain an ghlacadóra agus as luach saothair don ghlacadóir. Is féidir le leachtaitheoir, creidiúnaí nó comhalta de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt maidir leis an gcúiteamh don ghlacadóir a shocrú, fiú sa chás go bhfuil cúiteamh socraithe faoin mbintiúir<sup>68</sup>.

Déantar foráil le mórchuid na mbintiúir go mbíonn cumhacht aturnae (cumhacht feidhmiú thar ceann na cuideachta) ag glacadóir ó cheaptar é nó í ionas go mbíonn ar chumas an ghlacadóra gach gníomh is gá a dhéanamh chun an t-urrús a fhorfheidhmiú. Cé go mbíonn conarthaí láithreacha de cheangal ar an gcuideachta go fóill tar éis glacadóir a cheapadh, níl glacadóir faoi dhliteanas pearsanta i ndáil le conarthaí den sórt sin. Éileamh ar bith a eascraíonn ó chonarthaí den chineál sin, is iondúil gur éileamh neamhurráithe in aghaidh na cuideachta a bhíonn i gceist leo. Sa chás go gceanglaíonn an glacadóir conradh tar éis an cheapacháin, tá sé nó sí faoi dhliteanas pearsanta mura bhforáiltear dá mhalairt sa chonradh<sup>69</sup>. Go ginearálta, áfach, bíonn an glacadóir i dteideal a shlánú nó a slánú (cúiteamh a fháil) as sócmhainní na cuideachta i ndáil leis an dliteanas pearsanta sin<sup>70</sup>.

#### 3.8.2 Dualgas an Ghlacadóra i leith Bintiúraigh

Is i ndáil leis an mbintiúir a cheap an glacadóir an príomhdhualgas atá air nó uirthi. Is caidreamh muiníneach atá idir an glacadóir agus an bintiúir, rud a chiallaíonn go bhfuil ceangailte ar an nglacadóir gníomhú ar bhealach atá oiriúnach faoin dlí ag duine san oifig sin agus ar bhealach a chuireann leas an bhintiúraigh chun tosaigh ar a leas féin. Sa chás go dteipeann ar an nglacadóir cúram réasúnta a oibriú, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi dhliteanas ag an mbintiúir maidir le damáistí mar gheall ar fhaillí.

#### 3.8.3 Dualgas an Ghlacadóra maidir le Sócmhainní a Dhiúscairt

Agus sócmhainní na cuideachta á ndiúscairt, tá dlite ar ghlacadóir gach cúram réasúnach a oibriú ionas go ngnóthaítear an praghas is fearr atá ar fáil le bonn réasúin ag tráth an díolacháin<sup>71</sup>. Sa chás go bhfuil an glacadóir in amhras ar bhealach ar bith agus sócmhainn á díol faoin modh díolacháin

<sup>67</sup> Alt 435 Acht na gCuideachtaí.

<sup>68</sup> Alt 444 Acht na gCuideachtaí.

<sup>69</sup> Alt 438(4) Acht na gCuideachtaí.

<sup>70</sup> Alt 438(5) Acht na gCuideachtaí.

<sup>71</sup> Alt 439(1) Acht na gCuideachtaí.





atá beartaithe a bheith ar an modh is éifeachtaí agus is fiúntaí, ba cheart don ghlacadóir comhairle a fháil ó dhuine gairmiúil neamhspleách atá ina shaineolaí nó ina saineolaí sa réimse atá i gceist. Is i leith na cuideachta an dualgas seo agus d'fhéadfadh go bhfuil an dualgas céanna dlite i leith tríú páirtí a mbeadh éifeacht ag bearta an ghlacadóra air, mar shampla páirtí a chuaigh in urrús maidir le fiacha na cuideachta. Níl glacadóir a sháraíonn an dualgas seo i dteideal cúitimh ná slánú ón gcuideachta i ndáil le haon dliteanas faoina dtiocfadh sé nó sí<sup>72</sup>.

Tá ceangailte ar ghlacadóir chomh maith, nuair a bhíonn sócmhainní neamhairgid (den luach riachtanach<sup>73</sup>) á ndíol le hoifigeach nó iaroifigeach de chuid na cuideachta (trí chonradh príobháideach) fógra 14 lá a thabhairt do chreidiúnaithe na cuideachta go bhfuil rún sin a dhéanamh<sup>74</sup>.

### 3.8.4 Dualgas an Ghlacadóra Eolas a Chur ar Fáil

Bíonn éagsúlacht i gceist, ag brath ar chúinsí áirithe, maidir lena oiread a bhíonn de dhualgas ar ghlacadóir eolas a chur ar fáil don chuideachta. Níl aon dualgas ginearálta ar ghlacadóir an chuideachta a chur ar an eolas faoin ngnóthachtáil atá á déanamh. I gcásanna speisialta, áfach, ionas go gcinntítear gurb é an praghas is fearr a fhaightear ar na sócmhainní, d'fhéadfadh gur oiriúnach eolas faoin trádáil a ligean le stiúrthóirí na cuideachta tar éis glacadóir a cheapadh.

### 3.8.5 Dualgas an Ghlacadóra maidir le Comhadú

Tá dlite ar ghlacadóir sliocht san fhoirm fhorordaithe a sheoladh chuig na gCláraitheoir laistigh de 30 ó bhíonn (i) an tréimhse tosaigh 6 mhí, agus (ii) gach tréimhse 6 mhí ina dhiaidh sin caite, agus laistigh de 30 lá den ghlacadóir scor den obair, ina léirítear na sócmhainní de chuid na cuideachta a bhfuil seilbh glactha orthu aige nó aici, luach measta na sócmhainní sin (mar a leagtar amach sa Ráiteas faoi Chúrsaí na Cuideachta), an fáltas ó aon sócmhainní den sórt sin a dhíol agus fáltais agus fócaíochtaí i rith na tréimhse faoi chaibidil<sup>75</sup>.

Sa chás go n-éiríonn glacadóir cuideachta as feidhmiú mar ghlacadóir, ní mór ráiteas faoi thuairim an ghlacadóra an bhfuil an chuideachta sócmhainneach nó nach bhfuil a chur ag gabháil leis an sliocht nach mór a chur chuig an gCláraitheoir. Tá dlite ar an gCláraitheoir ina dhiaidh sin an ráiteas faoin tuairim sin a sheoladh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach<sup>76</sup>.

Tá liosta iomlán de na tuairisceáin is gá do ghlacadóirí a chomhadú leagtha amach i mBileog Eolais Uimh. 16 na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (An Rúnaí Cuideachta) atá ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

### 3.8.6 Íocaíochtaí Tosaíochta nuair is i ndáil le muirear foluaineach a cheaptar glacadóir<sup>77</sup>

Sa chás go gceaptar glacadóir nó go nglacann glacadóir seilbh ar mhaoin cuideachta thar ceann bintiúraigh de chuid cuideachta faoi urrús mhuirir fholuainigh, tá dlite ar an nglacadóir, ar shócmhainí den sórt sin a réadú, na híocaíochtaí tosaíochta ar fad<sup>78</sup> a dhéanamh sula n-íoctar na fiacha eile ar fad, fiach leis an mbintiúrach san áireamh.

<sup>72</sup> Alt 439(2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>73</sup> Alt 238(2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>74</sup> Alt 439(3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>75</sup> Altanna 441 & 430(3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>76</sup> Alt 430(4) Acht na gCuideachtaí.

<sup>77</sup> Alt 440 Acht na gCuideachtaí.

<sup>78</sup> Alt 621 Acht na gCuideachtaí.



### 3.8.7 Dualgas an Ghladóra i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach<sup>79</sup>

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a iarraidh go gcuireann glacadóir a chuid nó a cuid leabhar ar fáil lena scrúdú, i ndáil le beart glacadóireachta faoi leith nó i ndáil leis an nglacadóireacht ar fad atá déanta ag an nglacadóir agus ceisteanna a fhreagairt faoi ábhar na leabhar, ach amháin sa chás gur tugadh an ghlacadóireacht chun críche tráth is faide ná sé bliana roimh thráth an iarratais. Tá de dhualgas ar an nglacadóir déanamh de réir an iarratais, aon cheisteanna maidir le hábhar na leabhar a fhreagairt agus gach cúnaimh réasúnta a thabhairt don Stiúrthóir. Tá glacadóir nach ndéanann de réir na forála seo ciontach i gcion d'aicme 3.

### 3.8.8 Dualgas an Ghladóra Tuairisc a Thabhairt ar Chion Coiriúil<sup>80</sup>

Má mheasann glacadóir le linn glacadóireacht a dhéanamh go raibh aon oifigeach láithreach nó iar-oifigeach, nó aon chomhalta de chuid na cuideachta ciontach i gcion i ndáil leis an gcuideachta, tá dlite ar an leachtaitheoir tuairisc ar an gcás a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus aon eolas a bhíonn de dhíth ar an Stiúrthóir a chur ar fáil. Sa chás go dtugann an glacadóir tuairisc ar chás don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, tá dlite ar an nglacadóir tuairisc ar an gcás a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

### 3.8.9 Tuairiscíocht maidir le Mí-iompar Ghladóra<sup>81</sup>

Sa chás gurb é breith an choiste nó an bhinse araíonachta ag comhlacht gairmiúil forordaithe nár choimeád comhalta de chuid an chomhlachta sin, le linn a bheith ina ghlacadóir nó ina glacadóir, na taifid chuí i ndáil le glacadóireacht nó go bhfuil forais réasúnacha lena cheapadh go ndearna an comhalta cion d'aicme 1 nó d'aicme 2 le linn glacadóireacht a dhéanamh, ní foláir don chomhlacht gairmiúil tuairisc ar an gcás a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus sonraí a lua faoin mbreith nó faoin gcion líomhnaithe.

Sa chás nach ndéanann an comhlacht gairmiúil tuairisc ar an gcás a chur chuig an Stiúrthóir, beidh an comhlacht agus aon oifigeach de chuid an chomhlachta a bhfuil an mhainneachtain inchurtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 3.

## 3.9 Cumhacht an Ghladóra

### 3.9.1 Cumhacht an Scrúdaitheora arna Cheapadh ag an gCúirt

Sa chás gurb í an Ard-Chúirt a cheapann glacadóir, braitheann a bhfuil de chumhacht aige nó aici ar ordú ceapacháin na Cúirte. Is iondúil go dtugtar de chumhacht don ghlacadóir faoi ordú den sórt sin, sócmhainní a bhailiú, a ghabháil isteach agus a réadú. Anuas air sin, tá de chumhacht intuigthe ag glacadóir gach gníomh atá teagmhasach nó a thagann de dhroim fheidhmiú na gcumhachtaí sainráite a dhéanamh.

### 3.9.2 Cumhacht an Ghladóra a Cheaptar de bhun Bintiúir

Sa chás gur de bhun bintiúir a cheaptar glacadóir, is iondúil a bhfuil de chumhacht ag an nglacadóir, chomh maith le cumhachtaí áirithe faoin reachtaíocht, a leagan amach sa bhintiúir féin. Beidh oiread na gcumhachtaí a bhíonn glacadóirí ag brath ar iad a bheith ina nglacadóirí nó ina nglacadóirí bainistíochta.

Is iondúil go mbíonn de chumhacht ag glacadóir seilbh a ghabháil ar mhaoín, maoín a chruinniú, a thógáil isteach agus a ghlacadh agus an mhaoín sin a dhíol. Is minic go mbíonn de chumhacht ag glacadóir bainistíochta gnó na cuideachta a sheoladh, airgead a fháil ar iasacht, fostaithe a fhostú agus a dhíbirt, fiacha na cuideachta a chomhréiteach agus maoín a chur faoi árachas nó a dheisiú.

<sup>79</sup> Alt 446 Acht na gCuideachtaí.

<sup>80</sup> Alt 447 Acht na gCuideachtaí.

<sup>81</sup> Alt 448 Acht na gCuideachtaí.



Tá glacadóir ar bith nach bhfuil cinnte faoi chumhacht ar bith dá chuid nó dá cuid a fheidhmiú i dteideal teoracha a iarraidh ar an gCúirt<sup>82</sup>. Is féidir le hoifigigh de chuid na cuideachta, comhaltaí, fostaithe, creidiúnaithe, leachtaitheoirí agus gach duine a bheadh faoi dhliteanas ranníocaíocht a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta, sa chás go ndéantar a foirceannadh, iarratas den sórt sin a dhéanamh chomh maith.

### 3.9.3 Cumhacht an Ghlacadóir maidir le Sócmhainní a Aistríodh go Míchúí<sup>83</sup>

Is féidir le glacadóir iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt maidir le haon mhaoín de chuid na cuideachta a ndearnadh a diúscairt ar bhealach ar bith a thabhairt ar ais sa chás gurb é éifeacht a bhí le diúscairt den sórt sin calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar na creidiúnaithe nó ar na comhaltaí. Sa chás go measann an chúirt gur cóir cothromasach a dhéanamh, is féidir léi a ordú go dtugtar ar ais an mhaoín nó na fáilais ó dhíol earraí ar bith is dóigh leis an gcúirt a bheith cuí.

### 3.9.4 Ordú chun Srian a chur ar Stiúrthóirí agus ar dhaoine eile maidir le sócmhainní a thabhairt chun bealaigh<sup>84</sup>

Is féidir le glacadóir iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt maidir le hordú chun srian a chur ar stiúrthóir nó ar oifigeach eile de chuid na cuideachta i ndáil le sócmhainní dá chuid nó dá cuid féin nó de chuid na cuideachta a thabhairt chun bealaigh amach as an Stát nó a chuid nó a cuid sócmhainní nó sócmhainní na cuideachta a íslíú ionas gur lú ná an tsuim a shonraítear san ordú. Is féidir leis an gCúirt an t-ordú a dhéanamh más deimhin léi:

- go bhfuil éileamh incháilithe ag an nglacadóir (cúis caingne sibhialta substainteach nó ceart dearbhú maidir le dliteanas pearsanta a iarraidh nó damáistí a éileamh i gcoinne an stiúrthóra, an oifigigh nó na cuideachta); agus
- go bhfuil cúiseanna lena cheapadh go ndéanfadh an stiúrthóir nó an t-oifigeach nó an chuideachta a chuid nó a cuid sócmhainní nó sócmhainní na cuideachta a thabhairt chun bealaigh nó a dhiúscairt d'fhonn éalú ó dhualgas atá air nó uirthi nó ar an gcuideachta agus ordú na Cúirte a bhac.

### 3.9.5 Trádáil Chalaoiseach nó Mheargánta<sup>85</sup>

Is féidir le glacadóir imeachtaí a thionscnamh sa chás go raibh oifigeach de chuid na cuideachta go feasach ina pháirtí i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta ar mhodh meargánta nó sa chás go raibh duine go feasach ina pháirtí i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta le hintinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó chun aon chríche calaoisí. Is féidir leis an gcúirt a dhearbhu go bhfuil freagracht phearsanta ar dhaoine den sórt sin, gan aon teorainn dliteanais, i leith iomlán fhiacha nó dhliteanais eile na cuideachta nó aon chuid d'fhiacha nó de dhliteanais eile na cuideachta. Is féidir freisin dliteanas coiriúil a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i dtrádáil mheargánta.

<sup>82</sup> Alt 438 Acht na gCuideachtaí.

<sup>83</sup> Alt 443 Acht na gCuideachtaí.

<sup>84</sup> Alt 798 Acht na gCuideachtaí.

<sup>85</sup> Alt 610 Acht na gCuideachtaí.



Meastar go raibh oifigeach go feasach ina pháirtí i dtrádáil mheargánta sa chás go raibh an t-oifigeach:

- (a) ina pháirtí i seoladh ghnó den sórt sin agus, ag féachaint don eolas ginearálta, don scil agus don taithí a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis ó dhuine ina phost, gur cheart go mbeadh a fhios aige go mbeadh a chuid gníomhartha nó gníomhartha na cuideachta ina gcúis le caillteanas ag creidiúnaithe na cuideachta; nó
- (b) ina pháirtí i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid sé go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in ann, nuair a bheadh dlite a íoc, an fiach a íoc chomh maith lena cuid fiach eile go léir<sup>86</sup>.

Tá de chumhacht ag an Ard-Chúirt faoiseamh ó dhliteanas go hiomlán nó i bpáirt a thabhairt d'aon duine sa chás gur cosúil gur ghníomhaigh an duine lena mbaineann go macánta agus go freagrach i ndáil le stiúradh chúrsaí na cuideachta.

### 3.9.6 Is féidir leis an gCúirt deireadh nó teorainn a chur le Glacadóireacht ar Iarratas ó Leachtaitheoir<sup>87</sup>

Sa chás go gceaptar glacadóir i ndáil le maoin de chuid cuideachta agus go gceaptar leachtaitheoir tráth is faide anonn, ní chuirtear as do cheapachán an ghlacadóra per se. Ina ainneoin sin, is féidir leis an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt go ndéanfaí an ghlacadóireacht a chinneadh nó teorainn a chur léi. Ina leithéid de chás, is féidir leis an gCúirt a ordú go stopfaidh an glacadóir ag feidhmiú nó go ndéanfar ó thráth faoi leith feidhmiú i ndáil le sócmhainní áirithe arna sonrú ag an gCúirt agus leo sin amháin.

Ní féidir scrúdaitheoir a cheapadh i ndáil le cuideachta ina bhfuil glacadóir ceaptha le tréimhse leanúnach trí lá as a chéile ar a laghad (féach Alt 4.0)<sup>88</sup>.

<sup>86</sup> Alt 610(3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>87</sup> Alt 445 Acht na gCuideachtaí.

<sup>88</sup> Alt 512(4) Acht na gCuideachtaí.



## 4.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Scrúdaitheoirí

### 4.1 Cad is Scrúdaitheoir ann

Is duine an scrúdaitheoir a cheapann an Chúirt<sup>89</sup>, chun riocht ghnóthaí cuideachta a scrúdú agus an chuideachta a threorú trí phróiseas athstruchtúrúcháin.

### 4.2 Cad is Scrúdaitheoireacht ann

Is próiseas an scrúdaitheoireacht trína gcuirtear cuideachta faoi choimirce na cúirte d'fhonn cuidiú le cuideachta dhócmhainneach a thabhairt slán. Go bunúsach, tugann scrúdaitheoireacht “cosaint ar na creidiúnaithe” go ceann tréimhse teoranta do chuideachta a bhfuil dóchas réasúnta go dtiocfadh sí slán chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an ngnó le haontú na Cúirte.

### 4.3 Cáilíochtaí an Scrúdaitheora<sup>90</sup>

Tá duine i dteideal a cheapadh ina scrúdaitheoir má tá an duine sin cáilithe feidhmiú mar leachtaitheoir ar chuideachta. Leagtar amach go mion na cáilíochtaí maidir le duine a cheapadh ina Leachtaitheoir<sup>91</sup> in alt 2.3 sa leabhrán seo.

### 4.4 Cumhacht na Cúirte Scrúdaitheoir a cheapadh<sup>92</sup>

Is féidir leis an gCúirt, ar iarratas a fháil trí achainí, scrúdaitheoir a cheapadh ar chuideachta nuair a bhítear cinnte go bhfuil ionchas réasúnach go mairfidh an chuideachta agus iomlán an ghnóthais nó aon chuid de mar ghnóthas leantach. Braitheann dlínse na cúirte maidir le hachainí a éisteacht ar mhéid na cuideachta.

Ní féidir leis an gCúirt scrúdaitheoir a cheapadh ach amháin sa chás go measann an Chúirt;

- nach bhfuil an chuideachta ábalta, nó gur dócha nach mbeidh sí ábalta, a cuid fiach a íoc;
- nach bhfuil aon rún ar marthain chun an chuideachta a fhoirceannadh; agus
- nach bhfuil ordú cúirte déanta maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh.

Ní thabharfaidh an Chúirt éisteacht áfach d'achainí maidir le scrúdaitheoir a cheapadh, sa chás go bhfuil glacadóir arna cheapadh nó arna ceapadh i leith na cuideachta ar feadh tréimhse leanúnach 3 lá ar a laghad roimh an dáta ar a gcuirtear an achainí i láthair<sup>93</sup>.

Is féidir leis an gcúirt scrúdaitheoir a cheapadh freisin i ndáil le cuideachta ghaolmhar<sup>94</sup>.

<sup>89</sup> Is féidir le cuideachta bheag, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin faoi Acht na gCuideachtaí, achainí a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda maidir le scrúdaitheoir a cheapadh. Ní mór do gach cuideachta eile an achainí a dhéanamh leis an Ard-Chúirt.

<sup>90</sup> Alt 519 Acht na gCuideachtaí.

<sup>91</sup> Alt 633 Acht na gCuideachtaí.

<sup>92</sup> Alt 509 Acht na gCuideachtaí.

<sup>93</sup> Alt 512(4) Acht na gCuideachtaí.

<sup>94</sup> Alt 517 Acht na gCuideachtaí.



#### 4.5 Achainí maidir le Scrúdaitheoir a Cheapadh<sup>95</sup>

Is féidir leis an gcuideachta féin, leis na stiúrthóirí, le creidiúnaí (fostaí san áireamh) nó le duine ag a bhfuil sciar nach lú ná an deichiú cuid de na scaireanna vótála, iarratas a dhéanamh trí achainí leis an gCúirt go ndéanfaí scrúdaitheoir a cheapadh. Is ag an mBanc Ceannais amháin atá iarratas a dhéanamh i ndáil le foras creidmheasa nó cuideachta sealbhaíochta árachóra.

Is féidir leis an gCúirt diúltú achainí a éisteacht sa chás nár nochtaigh an t-achainíoch nó saineolaí neamhspleách gach eolas a bhí ar fáil aige nó aici nó sa chás go ndearnadh faillí ar bhealach ar bith eile i ndéanamh de mheon macánta agus an achainí á cur i láthair<sup>96</sup>.

Ní mór tuarascáil a bheith ag gabháil leis an iarratas ó shaineolaí neamhspleách, is é sin iniúchóir reachtúil na cuideachta nó duine atá incháilithe maidir le ceapadh ina scrúdaitheoir ar an gcuideachta<sup>97</sup>. Ní mór eolas a bhaineann le hábhar na cuideachta a leagan amach sa tuarascáil, mar shampla ainmneacha agus seoltaí na n-oifigeach, chomh maith le ráiteas faoi chúrsaí na cuideachta lena n-áirítear tuairim maidir le haon easnamh atá ar an gcuideachta. Ba cheart go mbeadh mar chuid den tuarascáil freisin tuairim ón saineolaí neamhspleách maidir le hionchas réasúnta a bheith ann go dtiocfadh an chuideachta agus iomlán nó páirt den ghnóthas slán mar ghnóthas leantach agus ráiteas faoi na cúinsí is dóigh leisean nó léise a bheith riachtanach chun a chinntiú go dtiocfaí slán ar an gcaoi sin. Ní mór sonraí a thabhairt sa tuarascáil faoin maoiniú a bheadh de dhíth ionas go mb'acmhainn don chuideachta leanacht i mbun trádála i rith an tréimhse cosanta agus faoi fhoirse óna dtiocfadh an maoiniú sin chomh maith le moladh maidir leis an gcuid sin de na dliteanais de chuid na cuideachta a eascraíonn ón tráth sular cuireadh an achainí i láthair ba chóir a íoc<sup>98</sup>. Tá dlite ar an gCúirt, le linn na héisteachta, deis a thabhairt do gach creidiúnaí éisteacht a fháil<sup>99</sup>. Socraíonn an Chúirt ina dhiaidh sin an ndéanfar scrúdaitheoir a cheapadh.

Sa chás, mar gheall ar chúinsí eisceachtúla taobh amuigh de smacht an achainígh agus nach bhféadfadh le réasún iad a fheiceáil roimh ré don achainíoch, nach mbíonn tuarascáil ón saineolaí neamhspleách ar fáil in am le cur leis an achainí, is féidir, mar bheart eatramhach, an chuideachta a chur faoi chosaint na Cúirte ar feadh tréimhse suas le deich lá sula gcuirtear an tuarascáil i láthair<sup>100</sup>.

#### Fógra faoin gCeapachán<sup>101</sup>

Tar éis an achainí a chur i láthair, ní foláir fógra faoin achainí san fhoirm shainordaithe a chur chuig an gCláraitheoir laistigh de thrí lá. Ní mór don scrúdaitheoir freisin, laistigh de 21 lá den cheapachán, fógra faoin gceapachán agus faoi dháta an cheapacháin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil agus ar dhá nuachtán laethúla a bhíonn ar fáil sa cheantar ina bhfuil oifig chláraithe nó príomháit gnóthais na cuideachta.

#### 4.6 Éifeacht Achainí maidir le Scrúdaitheoir a Cheapadh ar Chreidiúnaithe agus Daoine Eile<sup>102</sup>

Sa chás go ndéantar scrúdaitheoir a cheapadh, leanann an tréimhse faoi choimirce na Cúirte go ceann 70 lá ón dáta a gcuirtear an achainí i láthair, mura ndéantar an chosaint sin a tharraingt siar nó síneadh a chur leis an tréimhse.

<sup>95</sup> Alt 510 Acht na gCuideachtaí.

<sup>96</sup> Alt 518 Acht na gCuideachtaí.

<sup>97</sup> Alt 511 Acht na gCuideachtaí.

<sup>98</sup> Alt 511 Acht na gCuideachtaí.

<sup>99</sup> Alt 515 Acht na gCuideachtaí.

<sup>100</sup> Alt 513 Acht na gCuideachtaí.

<sup>101</sup> Alt 531 Acht na gCuideachtaí.

<sup>102</sup> Alt 520 Acht na gCuideachtaí.



Is iad na srianta is mó a bhíonn i bhfeidhm agus cuideachta faoi choimirce na cúirte:

- nach féidir imeachtaí maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh a thionscnamh ná rún maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh a rith;
- nach féidir glacadóir a cheapadh i ndáil le cuid ar bith de mhaoín na cuideachta;
- nach féidir astú, forlámhú, tochsal ná forghníomhú a chur i bhfeidhm i ndáil le maoín nó earraí na cuideachta, ach amháin le toiliú an scrúdaitheora;
- nach féidir beart a dhéanamh chun éileamh urraithe in aghaidh na cuideachta a réadú go hiomlán nó i bpáirt, ach amháin le toiliú an scrúdaitheora;
- nach féidir bearta a dhéanamh chun earraí atá i seilbh na cuideachta faoi aon chomhaontú fruilcheannaigh a aisghabháil, ach amháin le toiliú an scrúdaitheora;
- nach féidir aon ordú faoisimh a dhéanamh in aghaidh na cuideachta i ndáil le gearáin maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnóthaí na cuideachta a sheoladh nó cumhachtaí na stiúrthóirí a oibriú sular cuireadh an achainí i láthair;
- nach féidir imeacht ar bith i ndáil leis an gcuideachta a thionscnamh ach amháin le cead na úirte.

## 4.7 Dualgais an Scrúdaitheora

### 4.7.1 Dualgais an Scrúdaitheora i ndáil le Tograí a Cheapadh

Déanfaidh scrúdaitheoir a luaithe is féidir tar éis an cheapacháin tograí a cheapadh maidir le comhréiteach nó scéim socraíochta i ndáil leis an gcuideachta atá i gceist, chomh maith le gach feidhm eile a chomhlíonadh a threoraíonn an chúirt don scrúdaitheoir a dhéanamh<sup>103</sup>.

Déanfaidh an scrúdaitheoir cruinniú comhaltaí a thionól agus a riar agus cruinniú eile ar leithligh ón gceann sin do chreidiúnaithe d'fhonn tograí maidir le comhréiteach nó scéim socraíochta i ndáil leis an gcuideachta. Tá dlite ar an scrúdaitheoir, laistigh de chúig lá dhéag agus fiche den cheapachán (nó tréimhse níos faide arna cheadú ag an gcúirt), tuairisc a thabhairt don Chúirt an rabhtas ábalta tograí a cheapadh do chomhréiteach nó do scéim socraíochta chun an chuideachta a thabhairt slán.

Sa chás nach bhfuil an scrúdaitheoir ábalta comhaontú a thabhairt i gcrích ná tograí a cheapadh do chomhréiteach nó do scéim socraíochta, is féidir leisean nó léise iarratas a dhéanamh leis an gcúirt maidir le teoracha a thabhairt maidir leis an gceist. Is féidir leis an gcúirt teoracha den sórt sin a thabhairt nó cibé ordú a dhéanamh is cuí léi, lena n-áirítear ordú an chuideachta a fhoirceannadh<sup>104</sup>.

Is féidir le scrúdaitheoir coiste creidiúnaithe a cheapadh chun cuidiú leis an scrúdaitheoir i ndéanamh na bhfeidhmeanna, agus déanfaidh an scrúdaitheoir sin má threoraíonn an Chúirt amhlaidh.

Ní mór maidir le tograí do chomhréiteach nó do scéim socraíochta<sup>105</sup> i ndáil le cuideachta:

- gach aicme comhaltaí agus creidiúnaithe atá ag an gcuideachta a shonrú;
- aon aicme comhaltaí agus creidiúnaithe nach gcuirfidh na tograí isteach ar a gcuid leas nó a gcuid éileamh a shonrú;
- aon aicme comhaltaí agus creidiúnaithe a gcuirfidh na tograí isteach ar a gcuid leas nó a gcuid éileamh a shonrú;
- soláthar do chóir chothrom i ndáil le gach éileamh nó leas ag aicmí faoi leith mura n-aontaíonn sealbhóirí éilimh nó leasa faoi leith le cóir nach bhfuil chomh fabhrach;

<sup>103</sup> Alt 534 Acht na gCuideachtaí.

<sup>104</sup> Alt 535 Acht na gCuideachtaí.

<sup>105</sup> Alt 539 Acht na gCuideachtaí.

- soláthar do thograí a chur i bhfeidhm;
- sa chás go measann an scrúdaitheoir gur riachtanach nó gur inmhianta go ndéanfaí é chun freastal don chuideachta agus iomlán nó páirt den ghnóthas a thabhairt slán mar ghnóthas leantach, cibé athruithe ba chóir a dhéanamh i ndáil le bainistíocht nó stiúradh na cuideachta a shonrú;
- sa chás go measann an scrúdaitheoir gur riachtanach nó gur inmhianta go ndéanfaí é chun freastal don chuideachta agus iomlán nó páirt den ghnóthas a thabhairt slán mar ghnóthas leantach, cibé athruithe ba chóir a dhéanamh i ndáil le bunreacht na cuideachta a shonrú, más i ndáil le bainistíocht nó stiúradh na cuideachta sin nó aon ní eile;
- cúrsaí eile a lua de réir mar a mheasann an scrúdaitheoir gur oiriúnach sin a dhéanamh.

Ba chóir go mbeadh ráiteas faoi shócmhainní agus faoi dhliteanais na cuideachta mar chuid de na tograí freisin agus go gcuirfí síos ar an toradh measta ó thaobh cúrsaí airgeadais a bheadh ar fhoirceannadh na cuideachta ar gach aicme comhaltaí agus creidiúnaithe.

### **Tograí á meas ag comhaltaí agus ag creidiúnaithe<sup>106</sup>**

Cuirtear na moltaí, mar a leagadh amach iad, faoi bhráid chruinnithe de gach aicme comhaltaí agus creidiúnaithe. Chomh maith leis an bhfógra a chuirtear chuig na creidiúnaithe agus na comhaltaí maidir le cruinniú a thionól, ní mór ráiteas a sheoladh chomh maith ina mínítear an éifeacht a beidh ag an gcomhréiteach nó an scéim socraíochta.

Meastar moltaí faoi chomhréiteach a bheith aontaithe ag cruinniú creidiúnaithe nó ag aicme creidiúnaithe an tráth a vótáileann móramh ó thaobh a líon, atá ina thromlach freisin ó thaobh luach na n-éileamh a bhfuil ionadaíocht thar a gceann ag an gcruinniú, i bhfabhar na moltaí.

Tugtar na moltaí ansin os comhair na Cúirte agus is í an Chúirt a shocraíonn an ndaingnítear an socrú beartaithe (arna leasú nó gan a leasú) nó an ndiúltaítear dó. Ní féidir leis an gCúirt na moltaí a dhaingniú mura bhfuil<sup>107</sup>:

- glactha leo ag ar a laghad aicme amháin de chuid na gcreidiúnaithe a ndéanfaí dochar dá leas nó dá n-éileamh dá gcuirfí na moltaí i bhfeidhm;
- na moltaí cóir cothrom i ndáil le haon aicme comhaltaí nó creidiúnaithe nach bhfuil glactha acu leis na moltaí agus a ndéanfaí dochar dá leas nó dá n-éileamh dá gcuirfí na moltaí i bhfeidhm; agus
- an chúirt den tuairim nach bhfuil na moltaí dochrach go míchothrom do leasa pháirtí leasmhar ar bith.

Ag an éisteacht, tá de cheart ag aon chomhalta nó aon chreidiúnaí a ndéanfaí dochar dá leas trí na tograí a chur i bhfeidhm cur in aghaidh a ndaingniú ar cheann ar bith de líon sonraithe foras<sup>108</sup>.

Sa chás go ndaingníonn an Chúirt na tograí, tá siad ceangailteach ar gach duine lena mbaineann, na comhaltaí go léir agus na creidiúnaithe go léir san áireamh<sup>109</sup>. Tá siad ceangailteach chomh maith ar aon duine a thagann faoi dhliteanas i leith fhiacha na cuideachta, mar shampla, duine a chuaigh in urrús maidir le fiacha na cuideachta. Ní bhíonn éifeacht ar dhliteanas ráthóra ag comhréiteach nó scéim socraíochta a dhaingniú maidir leis an bhfiach<sup>110</sup>.

Sa chás go ndiúltaíonn an Chúirt glacadh leis na moltaí, d'fhéadfadh go ndéanfadh an chúirt an chuideachta a fhoirceannadh.

<sup>106</sup> Alt 540 Acht na gCuideachtaí.

<sup>107</sup> Alt 541 Acht na gCuideachtaí.

<sup>108</sup> Alt 543 Acht na gCuideachtaí.

<sup>109</sup> Alta 541(6) & (7) Acht na gCuideachtaí.

<sup>110</sup> Alt 547 Acht na gCuideachtaí.







#### 4.7.2 Dlíteanas an Scrúdaitheora

Tá an scrúdaitheoir faoi dhlíteanas pearsanta i ndáil le haon chonradh a cheanglaítear in ainm an scrúdaitheora nó in ainm na cuideachta. Ina ainneoin sin, tá an scrúdaitheoir i dteideal, de thogra na Cúirte, a shlánú nó a slánú (cúiteamh a fháil) as sócmhainní na cuideachta<sup>111</sup>.

#### 4.7.3 Dualgas, i gCásanna Áirithe, Tuairisc a thabhairt don Chúirt faoi Neamhrialtacht

Sa chás, mar gheall ar thuarascáil ó shaineolaí neamhspleách a chur i láthair nó eile, gur dóigh leis an gCúirt go bhfuil fianaise ann gur imigh díol substainteach de mhaoín na cuideachta óna áireamh agus nach bhfuil cuntas leordhóthanach air, nó gur tharla neamhrialtacht thromchúiseach de chineálacha eile i ndáil le gnóthaí na cuideachta, déanfaidh an chúirt, a luaithé is praiticiúil, éisteacht a thionól chun an fhianaise sin a mheas<sup>112</sup>.

### 4.8 Cumhacht Scrúdaitheoirí

#### 4.8.1 Cumhacht na Stiúrthóirí

Ar scrúdaitheoir a cheapadh, fanann na feidhmeanna maidir le bainistíocht na cuideachta ar na stiúrthóirí. Tá scrúdaitheoir, áfach, i dteideal iarratas a dhéanamh leis an gCúirt ag iarraidh go ndéanfaí iomlán nó páirt de chumhachtaí na stiúrthóirí nó an leachtaitheora a thabhairt dósan nó dise. Déanfaidh an Chúirt, agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar de réir an iarratais, a mheas an mbeadh sé cóir cothromasach é a dhéanamh<sup>113</sup>.

#### 4.8.2 Cumhacht Sócmhainní de chuid na Cuideachta a Dhiúscairt

Is féidir leis an gCúirt freisin a thabhairt de chumhacht don scrúdaitheoir sócmhainní na cuideachta a dhiúscairt sa chás go measann an scrúdaitheoir go réiteodh sin an bealach dá chuid nó dá cuid aidhmeanna a bhaint amach. I gcásanna den sórt sin, is féidir sócmhainní atá faoi réir urrúis a dhiúscairt ar nós nach raibh siad faoi réir urrúis. Ina dhiaidh sin is uile, sa chás go ndéantar sócmhainní atá faoi réir urrúis a dhiúscairt, bíonn an tosaíocht chéanna ag sealbhóir an urrúis chun críche íocaíochta i ndáil le haon chuid de mhaoín na cuideachta a sheasfadh go díreach nó go hindíreach don mhaoín a ndearnadh diúscairt uirthi<sup>114</sup>.

#### 4.8.3 Ceart Teacht a Fháil ar Leabhair agus ar Thaifid<sup>115</sup>

Tá de cheart ag scrúdaitheoir teacht a bheith aige nó aici ag gach tráth réasúnta ar leabhair agus ar dhoiciméid na cuideachta. Ní mór do gach oifigeach agus gníomhaire de chuid na cuideachta, lena n-áirítear baincírí, aturnaetha agus iniúcháirí, gach doiciméad a bhaineann leis an gcuideachta atá ina seilbh nó faoina smacht a chur ar fáil don scrúdaitheoir, a theacht i láthair os comhair an scrúdaitheora má iarrtar sin agus fianaise faoi mhionn a thabhairt agus chomh maith le gach cúnaimh réasúnta seachas sin a thabhairt.

Tá ceangailte ar fhochuideachtaí atá corpraithe sa Stát agus ar a gcuid iniúcháirí freisin an t-eolas sin agus an lón míniúcháin sin a bheadh de dhíth ar an scrúdaitheoir le bonn réasúin a chur ar fáil. Sa chás go bhfuil fochuideachtaí ag an gcuideachta taobh amuigh den Stát, tá de cheangal ar an gcuideachta féin gach beart réasúnta a dhéanamh chun an t-eolas agus an t-ábhar míniúcháin den sórt sin a fháil don scrúdaitheoir.

<sup>111</sup> Alt 532(6) & (7) Acht na gCuideachtaí.

<sup>112</sup> Alt 533(1) Acht na gCuideachtaí.

<sup>113</sup> Alt 528 Acht na gCuideachtaí.

<sup>114</sup> Alt 530 Acht na gCuideachtaí.

<sup>115</sup> Alt 526 Acht na gCuideachtaí.



#### 4.8.4 Cumhacht maidir le Cruinnithe<sup>116</sup>

Tá de chumhacht ag scrúdaitheoir cruinnithe boird de chuid na stiúrthóirí agus cruinnithe ginearálta de chuid na cuideachta a thionól, an clár oibre a leagan amach dóibh agus a bheith ina mbun chomh maith le rúin a mholadh agus tuairiscí a chur i láthair ag cruinnithe den sórt sin. Tá de cheart aige nó aici fógra réasúnta a fháil faoi chruinnithe boird agus faoi chruinnithe ginearálta, freastal orthu agus éisteacht a fháil acu

#### 4.8.5 Cumhacht Conarthaí a Shéanadh<sup>117</sup>

Ní féidir le scrúdaitheoir conarthaí a cheangail an chuideachta roimh cheapadh an scrúdaitheora a shéanadh. Ina ainneoin sin, is féidir leis an scrúdaitheoir, sa chás gur dealraitheach leis nó léi gur dhócha go rachadh forálacha faoi chomhaontú a rinne an chuideachta, sa chás go ndéanfaí a fhorfheidhmiú, chun dochair maidir leis an gcuideachta a thabhairt slán, fógra a sheirbheáil ar an bpáirtí nó na páirtithe leis an gcomhaontú chun an comhaontú a shéanadh.

#### 4.8.6 Ceart Treoir ón gCúirt a Iarraidh<sup>118</sup>

Tá de chumhacht ag scrúdaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le cinneadh ar aon cheist a thagann chun cinn le linn na scrúdaitheoireachta.

#### 4.8.7 Cumhacht na Cúirte a Ordú go dtugtar ar ais Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí<sup>119</sup>

Is féidir le scrúdaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le haon mhaoin a ndearna an chuideachta diúscairt uirthi a thabhairt ar ais más é tuairim an scrúdaitheora gurb é éifeacht na diúscairthe calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar chreidiúnaithe na cuideachta nó ar na comhaltaí. Sa chás gur deimhin leis an gCúirt sin, is féidir ordú a dhéanamh go dtugtar an mhaoin ar ais nó na fáiltais ón díolachán ar na earraí a mheasann an Chúirt a bheith oiriúnach.

#### 4.8.8 Costais agus Luach Saothair Scrúdaitheoirí<sup>120</sup>

Tá scrúdaitheoir i dteideal luach saothair, costais agus speansais réasúnta a íoc leis nó léi a tabhaíodh go cuí de réir mar a cheadaigh an Chúirt. Is féidir dliteanas a dtagann an chuideachta fúthu le linn na tréimhse cosanta agus atá deimhnithe ag an scrúdaitheoir a mheas mar speansais a tábhaíodh go cuí, ach cé go bhfuil gach luach saothair agus speansais eile le híoc chun tosaigh ar aon éileamh eile, níl tosaíocht ag dliteanas den sórt sin ar chreidiúnaithe urraithe.

#### 4.8.9 Dliteanas Sibhialta maidir le Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta<sup>121</sup>

Is féidir le scrúdaitheoir imeachtaí a thionscnamh sa chás go raibh oifigeach de chuid na cuideachta go feasach ina pháirtí i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta ar mhodh meargánta nó sa chás go raibh duine go feasach ina pháirtí i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta le hintinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó chun aon chríche calaoisí. Is féidir leis an gcúirt a dhearbhú go bhfuil freagracht phearsanta ar dhaoine den sórt sin, gan aon teorainn dliteanas, i leith iomlán fhiacha nó dhliteanas eile na cuideachta nó aon chuid d'fhiacha nó de dhliteanas eile na cuideachta. Is féidir freisin dliteanas coiriúil a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i dtrádáil mheargánta.

<sup>116</sup> Alt 524(2) & (3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>117</sup> Alt 525 Acht na gCuideachtaí.

<sup>118</sup> Alt 524(7) Acht na gCuideachtaí.

<sup>119</sup> Alt 557 Acht na gCuideachtaí.

<sup>120</sup> Alt 554 Acht na gCuideachtaí.

<sup>121</sup> Alt 610 Acht na gCuideachtaí.



Meastar go raibh oifigeach go feasach ina pháirtí i dtrádáil mheargánta sa chás go raibh an t-oifigeach:

- (a) ina pháirtí i seoladh ghnó den sórt sin agus, ag féachaint don eolas ginearálta, don scil agus don taithí a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis ó dhuine ina phost, gur cheart go mbeadh a fhios aige go mbeadh a chuid gníomhartha nó gníomhartha na cuideachta ina gcúis le caillteanas ag creidiúnaithe na cuideachta, nó
- (b) ina pháirtí i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid sé go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in ann, nuair a bheadh dlite a íoc, an fiach a íoc chomh maith lena cuid fiach eile go léir<sup>122</sup>.

Tá de chumhacht ag an gCúirt faoiseamh ó dhliteanas go hiomlán nó i bpáirt a thabhairt d'aon duine sa chás gur cosúil gur ghníomhaigh an duine lena mbaineann go macánta agus go freagrach i ndáil le stiúradh chúrsaí na cuideachta.

#### **4.8.10 Cumhachtaí faoi Rialachán na hEorpa maidir le Dócmhainneacht**

Faoi Rialachán na hEorpa maidir le Dócmhainneacht, cuirtear creatchóras Eorpach ar bun maidir le himeachtaí dócmhainneachta trasteorainn trína dtugtar de cheart do scrúdaitheoirí a cheaptar sa Stát seo a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú i mBallstáit eile.

<sup>122</sup> Alt 610(3) Acht na gCuideachtaí.



## 5.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

### 5.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla

#### Pionóis arna bhforcur ag Cúirt

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do chionta coiriúla de dhá chineál, cion achomair agus cion indíotáilte. Go ginearálta, meastar nach bhfuil cion achomair chomh tromchúiseach le cion indíotáilte agus déantar an cineál sin a thriail gan ghiúiré os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche. Is iondúil a mheas gur tromchúisí an cion indíotáilte. Is féidir cion indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtrialtear cion achomair, is é sin os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche gan ghiúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad, a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, i.e. os comhair breithimh agus giúiré. Sa chás gur mar sin a dhéantar, deirtear go bhfuil an cion indíotáilte á ionchúiseamh ar díotáil. Sa chás go ndéantar cion a ionchúiseamh ar díotáil, is iondúil go mbíonn na pionóis a ndéantar foráil dóibh faoin dlí níos géire go mór ná mar a bheadh dá ndéanfaí an cion a ionchúiseamh go hachomair.

Faoi Alt 871 Acht na gCuideachtaí, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 1 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A<sup>123</sup> nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

Go ginearálta, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 2 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bhliana nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 3 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 4 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air.

Is féidir leis an gCúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhaingniú nó a thaifeadadh a ordú don té a chiontaítear an sárú a leigheas<sup>124</sup>.

Foráiltear, áfach, faoi Acht na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos géire i ndáil le cionta áirithe, mar shampla:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht<sup>125</sup> fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na trédhearcachta (margaí rialáilte)<sup>126</sup>;

<sup>123</sup> Ciallaíonn “fíneáil d'aicme A”, tráth a fhoilsithe seo, fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha 2010).

<sup>124</sup> Alt 872 Acht na gCuideachtaí.

<sup>125</sup> Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 - I.R. Uimh. 277 de 2007

<sup>126</sup> Alt 1382 Acht na gCuideachtaí.



- An Treoir maidir le Réamheolaire<sup>127</sup> – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le réamheolaire;<sup>128</sup>
- An Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh<sup>129</sup> – fíneáil suas le €10 milliún agus/nó 10 mbliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid margaidh<sup>130</sup>.

## 5.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliúchán

Chomh maith le fíneáil agus pionóis i ndáil le cionta coiriúla, déantar foráil chomh maith do phionóis eile faoi Acht na gCuideachtaí, mar shampla dícháiliúchán agus srianadh.

Ciallaíonn dícháiliúchán go ndéanfaí duine a dhícháiliú óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach le tionscnamh, foirmiú nó bainistíocht aon chuideachta<sup>131</sup>.

Is féidir duine a dhícháiliú de trí

- Ordú Dícháiliúcháin ón gcúirt; nó
- Glacadh le Gealltanais Dícháiliúcháin – trína ngéilleann an duine a bheith faoi réir dícháiliúcháin, trí ghlacadh le gealltanais dícháiliúcháin forordaithe agus a shíniú.

### Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa<sup>132</sup>

Déanann an chúirt duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar díotáil:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaitear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht;

Ar dhuine a dhícháiliú don chúirt, bíonn an duine sin faoi réir ag ordú dícháiliúcháin ar feadh tréimhse 5 bhliana nó tréimhse eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá dlite ar an gcúirt sonraí faoin ordú dícháiliúcháin a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ionas go luaitear na sonraí a chuirtear ar fáil ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe<sup>133</sup>.

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ag iarraidh go ndéanfaí duine a dhícháiliú ar fhorais áirithe<sup>134</sup>, ina measc:

- ciontacht i dhá chion nó líon is mó ná dhá chion i ndáil le taifid (alt 286);
- ciontacht i mainneachtainí go rómhinic faoi Acht na gCuideachtaí;
- ciontacht i dtrádáil chialloiseach nó mheargánta le linn fónamh mar oifigeach cuideachta.

<sup>127</sup> Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.

<sup>128</sup> Alt 1356 Acht na gCuideachtaí.

<sup>129</sup> Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 – I.R. Uimh. 342 de 2005.

<sup>130</sup> Alt 1368 Acht na gCuideachtaí.

<sup>131</sup> Alt 838 Acht na gCuideachtaí.

<sup>132</sup> Alt 839 Acht na gCuideachtaí.

<sup>133</sup> Altanna 863 & 864 Acht na gCuideachtaí.

<sup>134</sup> Alt 842 Acht na gCuideachtaí.



### Gealltanais Dícháiliúcháin<sup>135</sup>

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim go bhfuil cúinsí áirithe i gceist i ndáil leis an duine sin) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d’Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine<sup>136</sup>. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do “ghealltanais dícháiliúcháin” agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe<sup>137</sup>.

### Srianadh

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí cuideachta<sup>138</sup> le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e. cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh<sup>139</sup> de réir mar a bhíonn dlite. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir stiúrthóir de chuid na cuideachta, a dteipeann air nó uirthi a dheimhniú don Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach nó don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, a shrianadh go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

### Gealltanais maidir le Srianadh<sup>140</sup>

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fórais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin “ngealltanais maidir le srianadh” chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu<sup>141</sup>.

Cuireann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, mar stiúrthóir nó rúnaí, agus ó bheith bainteach nó páirteach le foirmiú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitilithe go leormhaith<sup>142</sup>. I gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is ionann an ceanglas caipitil agus €500,000 de scairchaipiteal íoctha leithroinnte, agus i gcás cuideachta de chineál ar bith eile, is ionann an ceanglas caipitil agus €100,000. Bíonn cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos géire freisin i ndáil le cothabháil caipitil.

<sup>135</sup> Alt 849 Acht na gCuideachtaí.

<sup>136</sup> Is iad na cúinsí iad seo a dtiocfadh ordú dícháiliúcháin dá mbarr dá mbeadh an chúirt cinnte go raibh siad i bhfeidhm, agus leagtar amach iad in alt 862 Acht na gCuideachtaí.

<sup>137</sup> Alt 864 Acht na gCuideachtaí.

<sup>138</sup> Altanna 819 & 820 Acht na gCuideachtaí.

<sup>139</sup> Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

<sup>140</sup> Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

<sup>141</sup> Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

<sup>142</sup> Alt 819(3) Acht na gCuideachtaí.



Measfar, gan cruthúnas ar aon ní eile, Acht na gCuideachtaí a bheith sáraithe ag duine a leanann in oifig mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srianadh a theacht i gcrích gan an chuideachta caipitlithe go leormhaith, agus déanfar an duine sin a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa ó bheith ina stiúrthóir. Pléitear srianadh go mion in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2.

Beidh an té a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil i ndáil le cuideachta ar bith ainneoin cosc air nó uirthi sin a dhéanamh, de bharr (a) ordú dícháiliúcháin, nó (b) dearbhú srianta a bheith tugtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 2<sup>143</sup>.

### **Cuideachta a Bhaint den Chlár<sup>144</sup>**

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt go bhfuil i gceist cuideachta a bhaint den chlár ar fhoras ar bith díobh seo a leanas:

- gur loic an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt mar atá dlite; nó
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead mar stiúrthóirí reatha ag an gcuideachta; nó
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncain gur loic an chuideachta ráiteas sonraí ó chuideachta nua a chur ar fáil; nó
- go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an coinníoll á shásamh ag an gcuideachta go mbeadh cónaí ar stiúrthóir de chuid na cuideachta i stát de chuid LEE nó nach bhfuil an banna ar seilbh ag cuideachta is gá sa chás nach ann do stiúrthóir den sórt<sup>145</sup>; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil aon leachtaitheoir i mbun feidhme; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus gan tuairisceán tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Sa chás go ndéantar cuideachta a bhaint den chlár, aistrítear úinéireacht shócmhainní na cuideachta sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is ag an Stát atá úinéireacht orthu go dtí tráth a gcuirfí ainm na cuideachta ar ais ar an gclár. An fhaid a bhíonn an chuideachta bainte den chlár, leanann dliteanas gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta den chuideachta agus is féidir a fhorghníomhú<sup>146</sup> amhail is dá mbeadh an chuideachta gan díscáileadh.

Pléitear na gnáis oibre atá de dhíth maidir le hainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta. Tá eolas sonrath mioninste faoi ainm cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar láithreán gréasáin Chláraitheoir na gCuideachtaí – [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

<sup>143</sup> Alt 855 Acht na gCuideachtaí.

<sup>144</sup> Alt 725 Acht na gCuideachtaí.


<sup>145</sup> Alt 137 Acht na gCuideachtaí.

<sup>146</sup> Alt 734 Acht na gCuideachtaí.









Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*